

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Ceisteanna agus freagraí maidir le cur i bhfeidhm rialacha an Aontais um rialuithe allmhairiúcháin ar tháirgí ó thríú tíortha a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú

(2022/C 362/03)

Séanadh

Ní sholáthraítear an doiciméad Ceisteanna agus Freagraí seo ach chun críoch faisnéise amháin agus ní bheartaítear a inmeachar lena chur in ionad comhairliúcháin aon fhoinsé dhlíthiúil is infheidhme ná na comhairle is gá ó shaineolaí dlíthiúil, i gcás inarb iomchuí.

Ní bheidh an Coimisiún ná aon duine atá a ghníomhaíonn thar a cheann freagrach as an úsáid a bhainfead as an doiciméad Ceisteanna agus Freagraí ná ní féidir é a mheas mar léirmhíniú ceangailteach ar an reachtaíocht.

Tá an doiciméad seo beartaithe chun cúnaimh a thabhairt d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla na mBallstát. Níl ach Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin inniúil chun dlí an Aontais a léirmhíniú.

Clár Ábhar

	Leathanach
1. Réamhrá	8
2. Rialacha comhchoiteanna	9
2.1 Tarmligeán chúraimí na rialuithe oifigiúla chuig comhlachtaí rialúcháin	9
2.2 Níos mó ná údarás inniúil amháin a ainmniú le haghaidh seiceálacha fisiceacha orgánacha	9
2.3 Lastais atá comhdhéanta d'earraí atá faoi réir roinnt cód AC	9
2.4 Comhdhéanamh coinsíneachtaí	10
2.5 Réamhfhógra maidir le teacht isteach	10
2.6 Údarás atá freagrach as COI a fhormhuiniú. Údaráis chustaim	11
2.7 Nósanna imeachta custaim is infheidhme. Raon feidhme na bhforálacha maidir le nósanna imeachta custaim speisialta	11
2.8 Láthair an dara fíorú dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306	11
2.9 Fáil na coinsíneachta ag an gcéad choinsíní	11
2.10 Raon feidhme na gceanglas deimhniúcháin de réir rialacha orgánacha. Stórais agus áitreabh a úsáidtear le haghaidh nósanna imeachta custaim speisialta	12
2.11 Infheidhmeacht Chaibidil IV “Sampláil, anailís, tástálacha agus diagnóisí” de Theideal II den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla maidir le seiceálacha allmhairiúcháin orgánacha	12
2.12 Tagairt do COI sa dearbhú custaim	12
2.13 Cén chaoi ar féidir le custaim seiceálacha ar COInna agus ar shleachta COInna a uathobriú?	12
3. Táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann	13
3.1 Catagóirí táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann arna sainaitheint de réir a gcód AC (liostaí deimhneacha)	13
3.2 Ainmniú pointí trasnaithe teorann agus pointe rialaithe agus liostú le haghaidh rialuithe oifigiúla maidir le táirgí a bheartaítear lena gcur ar an margadh mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú	14
3.2.1 Ainmniú pointe trasnaithe teorann agus clárú in TRACES	14

3.2.2	Ainmniú pointe rialaithe seachas pointe trasnaithe teorann agus clárú in TRACES	15
3.2.3	Liostú pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe seachas pointí trasnaithe teorann	15
3.3	Láthair na rialuithe oifigiúla le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann	16
3.3.1	Rialuithe oifigiúla i bhfad ón bpointe trasnaithe teorann	16
3.3.2	Láthair na rialuithe breise ar tháirgí de thionscnamh tríú tíortha sonracha	16
3.3.3	Cur i bhfeidhm rialacha maidir le hiompar ar aghaidh chuig bia agus beatha orgánach nach de bhunadh ainmhíoch iad	16
3.3.4	Nós imeachta le haghaidh aistriú chuig pointí rialaithe le haghaidh sheiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha, lena n-áirítear le haghaidh sheiceálacha orgánacha i bhfoirm sheiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha	17
3.3.5	Nós imeachta um iompar ar aghaidh chuig an gceann scríbe go dtí go mbeidh torthaí anailísí saotharlainne ar fáil	20
3.4	An nasc idir an COI agus an CHED	22
3.4.1	Údaráis inniúla dhifriúla a ainmniú ar údaráis iad atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus as seiceálacha orgánacha	22
3.4.2	Foireann atá inniúil ar shampláil a dhéanamh le haghaidh na hanailíse agus chun an COI a fhormhuiniú	22
3.4.3	Féidearthacht ag na húdaráis ag na pointí trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus as seiceálacha orgánacha chun gníomhú go neamhspleách, lena n-áirítear in TRACES	23
3.4.4	Sreabhadh oibre chun CHED a chur i gcrích ar CHED é atá nasctha le COI	23
3.4.5	Sreabhadh oibre CHED más rud é go dtaifeadtar i mbosca 30 den COI gur féidir “cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht”	25
3.4.6	Nasc idir an CHED agus na sleachta COI	26
3.4.7	Féidearthacht go ndéanfaidh bosca 30 den COI “ní féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” a thairgeadh	27
3.4.8	Féidearthacht chun an scaoileadh mar neamhorgánach a iarraidh maidir le coinsíneacht nach gcomhlíonann na rialacha um tháirgeadh orgánach	27
3.4.9	Toirmeasc ar choinsíneacht a scaoileadh sa mhargadh sula ndéantar an COI a fhormhuiniú	27
3.4.10	Sárú MRL a fuarthas le linn rialuithe oifigiúla SPS gan cosc a chur ar mhargaíocht mar ghnáth-mhargaíocht ná ar thionchar ar an stádas orgánach	28
3.4.11	Tionchar ar na rialuithe comhordaithe treisithe ar neamhchomhlíonadh na rialacha orgánacha a thairgeadh sa COI	28
3.5	Nósanna imeachta custaim speisialta i gcomhréir le hAirteagail 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2306	29
3.5.1	Éilítear go gcuirtear an CHED i gcrích chun an choinsíneacht a chur faoi nósanna imeachta custaim speisialta	29
3.5.2	Tagairt sa CHED don fhaisnéis a thairgeadh i mbosca 23 den COI tríd an nasc chuig an COI	29
3.6	Scaoileadh i saorchúrsaíocht	30
3.6.1	Áit an scaoilte i saorchúrsaíocht do tháirgí atá faoi réir seiceálacha ar allmhairí orgánacha ag an bpointe trasnaithe teorann	30
3.6.2	Coinsíneachtaí deighilte i stóráil shealadach	30
4.	Táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann	31
4.1	Catagóirí táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann	31
4.2	Clárú pointí scaoilte i saorchúrsaíocht in TRACES	31

4.3 Féidearthacht pointe trasnaithe teorann a chlárú mar phointe scaoilte i saorchúrsaíocht in TRACES	31
4.4 Tionchar ar rialacha náisiúnta i ndáil le seiceálacha sláinte plandaí faoi Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66	31
4.5 Rialuithe oifigiúla a dhéantar i bhfad ó phointí scaoilte i saorchúrsaíocht	32
4.6 Faisnéis an údaráis inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS ar dhiúltú coinsíneachtaí atá díolmhaithe ó sheiceálacha orgánacha ag pointe trasnaithe teorann	32
5. Liosta de ghníomhartha AE dá dtagraítear sa doiciméad	32
6. Iarscríbhinní	35
6.1 Pointe 3.4.4. Cur i gcrích CHED atá nasctha le COI	35
6.2 Pointe 3.3.4 Údarú aistrithe chuig an bpointe trasnaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS tríd an CHED	36
6.3 Pointe 3.3.4. Údarú aistrithe chuig pointe rialaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais orgánacha agus fisiceacha tríd an COI	37

Gluais

BCP	Pointe Trasnaithe Teorann
CPIC	Feidhmíocht chomhordaithe ar rialuithe treisithe dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873
AC	Ainmníocht Chomhcheangailte dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ⁽¹⁾ ón gComhairle
CP	Pointe rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla
CHED	Doiciméad Coiteann Iontrála Sláinte dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2017/625
CHED-D	tarraingthe suasCHED arna tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad i Roinn D de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, le haghaidh coinsíneachtaí beatha agus bia nach de bhunadh ainmhíoch iad a thagann faoi réir, ar theacht isteach san Aontas dóibh, aon cheann de na bearta ná aon cheann de na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 47(1), pointí (d), (e) nó (f) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽²⁾
CHED-PP	CHED arna tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad i Roinn C de Chuid 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, le haghaidh coinsíneachtaí den mhéid a leanas: plandaí, táirgí planda agus réada eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (c), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla; plandaí, táirgí plandaí agus réada eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointí (d), (e) nó (f) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla; nó plandaí sonracha, táirgí plandaí agus réada eile de bhunadh nó de thionscnamh sonracha dá bhfuil gá le híosleibhéal rialuithe oifigiúla chun freagairt do ghuaiseacha aonfhoirmeacha aitheanta agus rioscaí do shláinte plandaí dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66 ⁽³⁾
COI	Deimhniú Cigireachta
MRL	Uasleibhéal Iarmhar d'iarmhair lotnaidicídí ⁽⁴⁾
Earraí de chuid an Aontais	Earraí a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas: (a) earraí a fhaightear go hiomlán i gcríoch chustaim an Aontais agus nach n-ionchorpraítear iontu earraí a allmhairítear ó thíortha nó ó chríocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais; (b) earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais as tíortha nó as críocha lasmuigh den chríoch sin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht; (c) earraí a fhaightear nó a tháirgtear i gcríoch chustaim an Aontais ó earraí dá dtagraítear i bpointe (b), agus uathusan amháin, nó ó earraí dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) ⁽⁵⁾
Earraí nach de chuid an Aontais iad	Earraí eile seachas "earraí de chuid an Aontais" nó a bhfuil a stádas custaim mar earraí de chuid an Aontais cailte acu ⁽⁶⁾
OCR	Rialachán (AE) 2017/625 (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽⁷⁾
ORR	Rialachán (AE) 2018/848 maidir leis an táirgeadh orgánach agus le lipéadú na dtáirgí orgánacha ⁽⁸⁾

⁽¹⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

⁽²⁾ Féach Airteagal 40(1), pointe (d), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

⁽³⁾ Féach Airteagal 40(1), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

⁽⁴⁾ Féach Airteagal 3(2), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéal iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle.

⁽⁵⁾ Féach Airteagal 5(23) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

⁽⁶⁾ Féach Airteagal 5(24) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhíthe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 095, 7.4.2017, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

Seiceálacha orgánacha	Rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí le haghaidh comhlíontacht le ORR a fhíorú, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún
Seiceálacha sláinte plandaí	Rialuithe oifigiúla ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile chun comhlíontacht le rialacha an Aontais a fhíorú maidir le bearta cosantacha in aghaidh lotnaidí plandaí is infheidhme maidir leis na hearraí sin
SPS	Sláintíoch agus fíteashláintíoch
Rialuithe oifigiúla SPS	Rialuithe oifigiúla le déanamh chun comhlíontacht leis na rialacha sláintíochta agus fíteashláintíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla

1. Réamhrá

Le Rialachán (AE) 2018/848 (“ORR”), bunaítear prionsabail an táirgthe orgánaigh agus leagtar síos na rialacha maidir le táirgeadh orgánach, deimhniú gaolmhar agus úsáid tásca a thagraíonn don táirgeadh orgánach sa lipéadú agus fógraíocht, coinníollacha agus bearta le haghaidh táirgí a allmhairiú isteach san Aontas chun iad a chur ar an margadh laistigh den Aontas mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú, chomh maith le rialuithe sa bhreis orthu siúd a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625 (“Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla/OCR”). Tháinig ORR i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2022.

De bhun Airteagal 45(5) de ORR, ní mór comhlíontacht leis na coinníollacha agus bearta maidir le hallmhairiú táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú dá dtagraítear sa Rialachán sin a fháil amach ag pointí trasnaithe teorann (BCPanna), i gcomhréir le hAirteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Ag an am céanna, díolmhaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 ⁽⁹⁾ catagóirí áirithe de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, i gcomhréir le hAirteagal 48, pointe (h), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Is iad na húdaráis inniúla a dhéanfaidh rialuithe oifigiúla ar na táirgí díolmhaithe sin ag pointí scaoilte i saorchúrsaíocht atá suite sa Bhallstát ina scaoiltear an choinsíneacht i scaoileadh i saorchúrsaíocht isteach san Aontas ⁽¹⁰⁾.

Leis an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, bunaítear an creat le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile chun a fhíorú go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia á cur i bhfeidhm mar is ceart. Áirítear leis sin rialuithe oifigiúla a dhéantar ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas ó thrú tíortha. Chuige sin, bunaítear leis an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla dhá chóras dhifriúla de rialuithe allmhairiúcháin, córas amháin is infheidhme maidir le hainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla faoi réir rialuithe oifigiúla éigeantacha ar theacht isteach san Aontas ag pointí trasnaithe teorann dóibh, agus córas eile is infheidhme maidir le hainmhithe agus earraí seachas na cinn úd atá faoi réir rialuithe oifigiúla éigeantacha ag pointí trasnaithe teorann. Maidir le hainmhithe agus earraí nach bhfuil faoi réir rialuithe oifigiúla éigeantacha ag pointí trasnaithe teorann, déanfar rialuithe oifigiúla ag ionad iomchuí laistigh de chríoch custaim an Aontais, ar bhonn tráthrialta, ar bhunús riosca agus lena mbaineann minice iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 44 go 46 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Os a choinne sin, na coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag an bpointe trasnaithe teorann, ní mór dóibh a bheith faoi réir seiceálacha doiciméadacha 100 % agus faoi réir mhinice chomhchuíbhithe de sheiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha. Déanfar na rialuithe sin i gcomhréir le nósanna imeachta sonracha a mhionsonraítear in Airteagal 47 go 64 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla agus i ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlactar i gcomhréir leis na forálacha sin.

Rialuithe allmhairiúcháin ar choinsíneachtaí beatha agus bia nach de bhunadh ainmhíoch iad, agus plandaí, táirgí plandaí agus réada eile atá faoi réir rialuithe oifigiúla éigeantacha ag pointí trasnaithe teorann agus a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú; féadfar na rialuithe sin a dhéanamh ag pointe rialaithe seachas pointí trasnaithe teorann, faoi réir coinníollacha a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305. Thairis sin, féadfaidh údaráis inniúla ag pointí trasnaithe teorann údarú a thabhairt d'iompar ar aghaidh chuig an gceann scríbe deiridh ar feitheamh infhaighteacht na dtorthaí ó na hanailísí saotharlainne agus ó na tástálacha ar choinsíneachtaí earraí nach de bhunadh ainmhíoch iad, lena n-áirítear i gcás inar táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú iad na hearraí sin atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí rialaithe teorann, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124, arna leasú.

Is ar an mBallstát a luíonn an fhreagracht as na pointí trasnaithe teorann agus na pointí rialaithe a ainmniú ina ndéanfar seiceálacha orgánacha ⁽¹¹⁾ agus as na pointí scaoilte i saorchúrsaíocht a shainiú agus a chlárú sa chóras tréidliachta ríomhairithe comhtháite (TRACES) ⁽¹²⁾.

I dteannta na rialacha réamhluaithe maidir le rialuithe allmhairiúcháin, is i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ⁽¹³⁾ a leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar tháirgí a thagann isteach san Aontas ó thrú tíortha a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú, lena gcumhdaítear táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann agus táirgí a dhíolmhaítear ó rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann araon.

⁽⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na cásanna ina ndíolmhaítear táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, agus na coinníollacha faoina ndíolmhaítear iad, mar aon le rialacha maidir leis an áit ina ndéantar rialuithe oifigiúla ar na táirgí sin, agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 agus (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún (IO L 461, 27.12.2021, lch. 5).

⁽¹⁰⁾ Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹¹⁾ Féach pointí 3.2.1 agus 3.2.2 den doiciméad seo.

⁽¹²⁾ Féach pointe 4.2 den doiciméad seo.

⁽¹³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13).

Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 ⁽¹⁴⁾ leagtar síos rialacha maidir leis na dearbhuithe agus an chumarsáid ag allmhairí, oibreoirí atá freagrach as na coinsíneachtaí, na chéad choinsínithe agus coinsínithe chun táirgí a allmhairiú ó thríú tíortha chun na táirgí sin a chur ar an margadh laistigh den Aontas mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú, chomh maith le rialacha maidir leis an bhfógra a thugann údaráis inniúla na mBallstát ar neamh-chomhlíontacht amhrasach nó aitheanta na gcoinsíneachtaí.

Is é is cuspóir don doiciméid Ceisteanna & Freagraí seo treoraíocht a sholáthar ar chur chun feidhme na rialacha réamhluaithe um rialuithe allmhairiúcháin ar tháirgí a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú. Leagtar amach sna treoirlínte seo an chaoi a dtuigeann an Coimisiún na rialacha réamhluaithe agus an chaoi a measann sé ar cheart iad a chur i bhfeidhm.

2. Rialacha comhchoiteanna

2.1 Tarmligean chúraimí na rialuithe oifigiúla chuig comhlachtaí rialúcháin

An féidir le húdaráis inniúla cúraimí áirithe um rialuithe oifigiúla a tharmligean chuig comhlachtaí rialúcháin príobháideacha i ndáil le táirgí orgánacha agus lipéadú táirgí orgánacha, amhail an tsampláil?

Is féidir, faoi choinníollacha áirithe. Bunaítear na coinníollacha le haghaidh tharmligean na gcúraimí sin in Airteagal 40 de ORR. Beidh feidhm ag na coinníollacha sin sa bhreis ar Chaibidil III de Theideal II den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla (féach Airteagal 40(1) de ORR).

Soláthraítear in Airteagal 40(4) de ORR, áfach, liosta cúraimí rialuithe oifigiúla agus cúraimí i ndáil le gníomhaíochtaí oifigiúla nach féidir le húdarás inniúil iad a tharmligean chuig comhlachtaí rialúcháin. Go háirithe, éilítear in Airteagal 40(4), pointe (d), de ORR nach féidir leis na húdaráis inniúla “measúnú ar dhóchúlacht na neamh-chomhlíontachta le forálacha an Rialúcháin seo” lena gcinntear minice na seiceálacha fisiceacha a tharmligean. Ní chuirtear as an áireamh leis sin tarmligean cúraimí rialúcháin áirithe amhail, *inter alia*, an tsampláil, a fhad a bhíonn an tarmligean sin i gcomhréir le hAirteagal 40 de ORR chomh maith le Caibidil III de Theideal II (Airteagal 28 *et seq.*) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

2.2 Níos mó ná údarás inniúil amháin a ainmniú le haghaidh seiceálacha fisiceacha orgánacha

An féidir le Ballstáit údaráis inniúla dhifriúla a bhunú chun seiceálacha allmhairiúcháin orgánacha a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh plandaí agus ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, faoi seach? Go háirithe, an bhfuil sé indéanta go bhfaigheadh COInna ar tháirgí orgánacha de bhunadh ainmhíoch formhuiniú ón údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus go bhfaigheadh COInna le haghaidh táirgí de bhunadh plandaí formhuiniú ó údarás difriúil?

Tá. Na rialacha maidir le rialuithe allmhairiúcháin ar tháirgí a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú is infheidhme amhail an 1 Eanáir 2022, ní dhéanfaidh siad difear don fhéidearthacht atá ag Ballstáit chun údaráis inniúla dhifriúla a ainmniú a bheidh freagrach faoi seach as seiceálacha orgánacha dhéanamh ar earraí de bhunadh ainmhíoch, agus formhuiniú a thabhairt do COInna gaolmhara le haghaidh táirgí den sórt sin agus as seiceálacha orgánacha a dhéanamh ar earraí de bhunadh plandaí agus formhuiniú a thabhairt don COI gaolmhar le haghaidh earraí den sórt sin. I ndáil leis sin, de bhun Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, i gcás ina dtugann Ballstát, le haghaidh an limistéir chéanna, an fhreagracht as rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile a eagrú nó a dhéanamh ar níos mó ná údarás inniúil amháin, ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, ní mór don Bhallstát cloí le ceanglais áirithe arna liostú san fhoráil sin le haghaidh chomhordú éifeachtúil agus éifeachtach ar gach údarás lena mbaineann agus le haghaidh chomhsheasmhacht agus éifeachtacht na rialuithe.

2.3 Lastais atá comhdhéanta d'earraí atá faoi réir roinnt cód AC

An féidir le coinsíneacht amháin de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheith comhdhéanta d'earraí atá faoi réir roinnt cód Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) i gcás earraí atá faoi réir rialuithe fiteashláintíochta? Céard faoi choinníneacht earraí orgánacha atá faoi réir rialuithe oifigiúla um shláinte ainmhíche?

Tá freagra difriúil ann i gcás táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann agus i gcás táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann.

⁽¹⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le doiciméid agus fógraí a cheanglaítear le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 461, 27.12.2021, lch. 30).

I gcás táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, i gcás táirgí atá faoi réir bearta cosantacha in aghaidh lotnaidí ar phlandaí (rialuithe fiteashláintíochta) dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, ceadaítear coinsíneachtaí “measctha”, is é sin le rá coinsíneachtaí atá comhdhéanta de tháirgí atá faoi réir Cóid AC dhifriúla ⁽¹⁵⁾.

Os a choinne sin, i gcás catagóirí eile earraí, mar shampla i gcás earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla um shláinte ainmhithe, ní cheadaítear coinsíneachtaí measctha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir féachaint ar roinnt coimeádán nó baisceanna mar choinsíneacht aonair chun críocha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, ar choinníoll go gcumhdaítear iad leis an COI céanna, go n-iompraítear iad leis an modh iompair céanna, go dtagann siad ón gcrióch chéanna nó ón tríú tír chéanna, agus go mbíonn siad den chineál, aicme nó tuairisc chéanna. De réir na n-imthosca sin, cumhdaítear na coimeádán nó baisceanna lena mbaineann faoi COI amháin leis an CHED céanna.

I gcás táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a dhíolmhaítear ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, ceadaítear coinsíneachtaí “measctha” mar a thugtar orthu le haghaidh gach catagóir d'earraí díolmhaithe ⁽¹⁶⁾.

2.4 Comhdhéanamh coinsíneachtaí

An féidir le coinsíneacht plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bheith comhdhéanta i bpáirt de tháirgí orgánacha atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann agus i bpáirt de tháirgí orgánacha a dhíolmhaítear ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann?

Ní féidir. Ba cheart do na coinsíneachtaí a bheith comhdhéanta de phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann (de bhua Airteagal 45(5) de ORR), nó de phlandaí, táirgí plandaí agus ábhar eile a dhíolmhaítear ó rialuithe oifigiúla den sórt sin ag pointí trasnaithe teorann. Is é an fáth leis sin nach mór COI a eisiúint le haghaidh gach coinsíneachta agus i mbosca 10 den COI (Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306), ní mór léiriú cé acu atá an choinsíneacht faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann nó ag pointe scaoilte i saorchúrsaíocht.

2.5 Réamhfhógra maidir le teacht isteach

Cén chaoi ar cheart réamhfhógra faoi theacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a eagrú, le haghaidh táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann agus le haghaidh táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí scaoilte i saorchúrsaíocht araon?

Ní mór don allmhaireoir nó, i gcás inarb iomchuí, don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht ⁽¹⁷⁾ réamhfhógra a thabhairt faoi theacht isteach na coinsíneachta ag an bpointe trasnaithe teorann nó ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht trí bhosca 20 den COI a líonadh isteach ⁽¹⁸⁾.

Ina theannta sin, i gcás táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú agus atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht réamhfhógra a thabhairt do na húdaráis inniúla den phost rialaithe teorann faoi theacht isteach na coinsíneachta sin ⁽¹⁹⁾ trí CHED ábhartha a chomhlánú agus a chur isteach in TRACES ⁽²⁰⁾ agus trí dháta agus am measta teachta isteach ag an bpointe trasnaithe teorann a shonrú i mbosca I.10 den CHED sin ⁽²¹⁾. Ós rud é go mbeartaíonn an t-oibreoir na táirgí sin a chur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú, ní mór dó an cineál táirge “Orgánach” a roghnú i mbosca I.31 i gcuid I den CHED in TRACES ⁽²²⁾. Ina theannta sin, ní mór don oibreoir nasc chuig an COI a chur isteach sa CHED.

I gcás catagóirí uile na dtáirgí orgánacha agus na dtáirgí atá á dtiontú ní mór an réamhfhógra dá dtagraítear thuas a thabhairt i bprionsabal lá oibre amháin ar a laghad roimh theacht na coinsíneachta a bhfuil coime léi ⁽²³⁾. Tá sé sin faoi réir maoluithe ina gcuireann srianta lóistíochtúla cosc ar chomhlíonadh na teorann ama, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013 ón gCoimisiún.

⁽¹⁵⁾ Chuige sin, féach an sainmhíniú ar “choinsíneacht” chun críocha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a bhunaítear in Airteagal 2(1) den Rialachán sin faoi threoir an tsainmhíneithe in Airteagal 3, pointe (37), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽¹⁶⁾ Chuige sin, féach an sainmhíniú ar “choinsíneacht” chun críoch Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, a chiallaíonn “cainníocht táirgí de réir chóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) amháin nó níos mó, a chumhdaítear le deimhniú cigireachta aonair, a iompraítear leis an modh iompair céanna agus le hallmhaireoir ón tríú tír chéanna” (féach Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306).

⁽¹⁷⁾ Ciallaíonn an t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an t-allmhaireoir nó duine nádúrtha nó duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas a chuireann an choinsíneacht i láthair ag an bpointe trasnaithe teorann thar ceann an allmhaireora.

⁽¹⁸⁾ Féach Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307, lena mbunaítear na hoibleagáidí ginearálta maidir le réamhfhógra a thabhairt faoi theacht isteach.

⁽¹⁹⁾ Féach Airteagal 56(3)(a), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽²⁰⁾ Féach Airteagal 56(4) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽²¹⁾ Féach na nótaí míniúcháin le haghaidh bhosca I.10 de CHED i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún.

⁽²²⁾ Cé nach dtaispeántar é seo sna CHEDanna samplacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715, tá sé gníomhachtaithe in TRACES.

⁽²³⁾ Féach Airteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 agus Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013.

2.6 *Údarás atá freagrach as COI a fhormhuiniú. Údaráis chustaim*

An bhfuil an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann nó ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht a léirítear i mbosca 10 den COI freagrach as COI a fhormhuiniú? An é an t-údarás céanna a gcuirfean an dearbhú custaim isteach chuige?

Tagraíonn bosca 10 sa COI don phost rialaithe teorann nó don údarás inniúil ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht ina dtarlaíonn fíorú agus formhuiniú COI. I gcás ina n-aistrítear an choinsíneacht chuig pointe rialaithe seachas pointe trasnaithe teorann le haghaidh seiceálacha orgánacha sainaitheantais agus fisiceacha ⁽²⁴⁾, formhuiníonn an t-údarás inniúil COI ag an bpointe rialaithe ⁽²⁵⁾.

Ní gá gurb ionann pointí trasnaithe teorann, pointí rialaithe agus pointí scaoilte i saorchúrsaíocht agus an áit ina gcuirtear an dearbhú custaim isteach. Is faoi na Ballstáit atá sé na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as déanamh na seiceálacha orgánacha a ainmniú ⁽²⁶⁾. I gcás inar thug Ballstát an fhreagracht chun seiceálacha orgánacha a dhéanamh d'údaráis chustaim, bheadh údaráis den sórt sin freagrach as an COI a fhormhuiniú.

2.7 *Nósanna imeachta custaim is infheidhme. Raon feidhme na bhforálacha maidir le nósanna imeachta custaim speisialta*

In Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 tagraítear do stórasú custaim agus do phróiseáil isteach. An gceadaítear nósanna imeachta custaim eile?

Ceadaítear, tá feidhm ag Cód Custaim an Aontais (Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾) maidir le hearraí orgánacha, lena n-áirítear na forálacha maidir le nósanna imeachta custaim speisialta. Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 forálacha sonracha breise le haghaidh stórasú custaim agus próiseáil isteach le haghaidh táirgí orgánacha agus lena n-aghaidh amháin.

Maidir leis sin, ní bheidh feidhm ag an gceanglas a bhaineann leis an gcéad agus an dara fíorú, dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, ach amháin i gcás ina gcuirtear an choinsíneacht faoi nósanna imeachta custaim speisialta um stórasú custaim nó próiseáil isteach chun go ndéanfaí ceann amháin de na hullmhúcháin uirthi a luaitear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 7(1), an dara fómhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306. Os a choinne sin, má chuirtear an choinsíneacht faoi stórasú custaim lena stóráil, mar shampla, ní mór COI a fhormhuiniú ansin tar éis fíorú amháin, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 agus, i gcás táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann, féadfar CHED a bhailíochtú mar CHED atá inghlactha don mhargadh inmheánach amháin tar éis don COI formhuiniú a fháil ⁽²⁸⁾.

2.8 *Láthair an dara fíorú dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306*

Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha maidir le táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú (roimh theacht isteach na coinsíneachta faoi nós imeachta an stórasaithe custaim nó na próiseála isteach chun ullmhúcháin a dhéanamh orthu dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306); an féidir leis an bhfíorú sin tarlú i mBallstát amháin agus an féidir le fíorú agus formhuiniú COI tar éis imeacht na coinsíneachta ó stórasú custaim nó próiseáil isteach tarlú i mBallstát difriúil?

Ní féidir. Ní mór boscaí 23, 25, 29 agus 30 den COI a líonadh isteach sa Bhallstát céanna ag an údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann nó ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht a léirítear i mbosca 10 den COI.

Is amhlaidh dá réir sin, i gcás ina líontar isteach na réimsí i ndáil le stórasú custaim agus próiseáil isteach i mbosca 23 den COI, féadfaidh nach n-údaróidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann an t-aistriú chuig ionad rialaithe.

2.9 *Fáil na coinsíneachta ag an gcéad choinsíní*

An gá don chéad choinsíní an choinsíneacht a fháil go fisiceach?

Is gá. Mar a thugtar le fios sna nótaí maidir le COI a líonadh isteach, ní mór don chéad choinsíní bosca 31 a líonadh isteach tráth a fhaigheann sé na táirgí agus tar éis na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh orthu ⁽²⁹⁾.

⁽²⁴⁾ Déanfar an t-aistriú i gcomhréir le Caibidil I de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún. Féach pointe 3.3.4 den doiciméad seo.

⁽²⁵⁾ Féach Airteagal 6(6)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽²⁶⁾ Féach Airteagal 4 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽²⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

⁽²⁸⁾ Féach Airteagal 56(5) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽²⁹⁾ Cuid II den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

2.10 Raon feidhme na gceanglas deimhniúcháin de réir rialacha orgánacha. Stórais agus áitreabh a úsáidtear le haghaidh nósanna imeachta custaim speisialta

An gá deimhniúchán a dhéanamh ar na stórais nó an áitreabh ina dtarlaíonn nósanna imeachta custaim speisialta?

I gcomhréir le hAirteagal 35(1) de ORR, soláthraíonn na húdaráis inniúla nó, i gcás inarb iomchuí, na húdaráis rialúcháin nó comhlachtaí rialúcháin deimhniú d'oibreoírí chun a dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht faoina dtugtar fógra i gcomhréir le hAirteagal 34(1) de ORR an Rialachán sin. Dá bhrí sin, is iad na hoibreoírí a dheimhnítear, seachas na háiteanna ina dtarlaíonn na gníomhaíochtaí. Is oibreoírí deimhnithe iad na hallmhaireoirí. Bíonn allmhaireoirí freagrach freisin as a áirithiú go ndéantar na hoibríochtaí le linn na nósanna imeachta custaim speisialta i gcomhréir le ORR.

2.11 Infheidhmeacht Chaibidil IV “Sampláil, anailísí, tástálacha agus diagnóisí” de Theideal II den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla maidir le seiceálacha allmhairiúcháin orgánacha

An mbíonn feidhm ag na rialacha i gCaibidil IV “Sampláil, anailísí, tástálacha agus diagnóisí” de Theideal II den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla nuair a dhéanann saotharlann na hanailísí ar lastais orgánacha?

Bíonn, bíonn feidhm ag an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, lena n-áirítear a Chaibidil IV de Theideal II, maidir le rialuithe oifigiúla a dhéantar chun comhlíonadh na rialacha a fhíorú cé acu a bhunaítear ar leibhéal an Aontais nó an Bhallstáit iad, chun reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm i limistéar an táirgthe orgánaigh agus lipéadú táirgí orgánacha (Airteagal 1(2), pointe (i), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme iad na ceanglais sin maidir le hainmhithe agus earraí atá ag teacht isteach san Aontas ⁽³⁰⁾.

2.12 Tagairt do COI sa dearbhú custaim

Chun go mbeadh a fhios ag údaráis chustaim cé acu atá na táirgí ina dtáirgí orgánacha nó nach bhfuil, an gá tagairt a dhéanamh don COI sa dearbhú custaim ag gach céim den ghluaiseacht custaim (i.e. nuair a tharlaíonn próiseáil isteach nó stórasú custaim freisin)?

I gcás na próiseála isteach nó an stórasaithe custaim a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/2306, ní mór don allmhaireoir uimhir thagartha an dearbhaithe custaim lenar dearbhaíodh na hearraí le haghaidh an stórasaithe custaim nó na próiseála isteach a léiriú i mbosca 23 den COI. Tá sé chomh hiomchuí céanna tagairt an COI a sholáthar sa dearbhú custaim ábhartha ag an bpointe áirithe sin den ghluaiseacht custaim.

I gcás an scaoilte i saorchúrsaíocht, ní mór don allmhaireoir an uimhir COI a thuairisciú sa dearbhú custaim ⁽³¹⁾.

2.13 Cén chaoi ar féidir le custaim seiceálacha ar COInna agus ar shleachta COInna a uathoibriú?

Féadfaidh údaráis chustaim COInna nó sleachta COI a aisghabháil trí úsáid a bhaint as an idirasc idir TRACES agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custaim (CSW-CERTEX AE), atá ina chomhpháirt lárnach de Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam ⁽³²⁾. Tacaíonn an t-idirasc sin leis an bhféidearthacht atá ag na custaim COI nó sliocht COI a aisghabháil ó TRACES i bhformáid struchtúrtha agus atá inléite do dhuine (PDF), rud a cheadaíonn d'uathoibriú fhíorú na sonraí COI in aghaidh na sonraí a chuirtear isteach sa dearbhú custaim. Seachas sin, tá an fheidhmiúlacht bainistíochta cainníochta ag CSW-CERTEX AE, rud a cheadaíonn d'údaráis chustaim úsáid COI nó shliocht COI a thuairisciú. Léirshamhlaítear taifead bainistíochta cainníochta den sórt sin in TRACES, agus bíonn sé ar fáil do na húdaráis inniúla agus d'oibreoírí eacnamaíochta san amharc “Bainistíocht Cainníochta PDF”. Tagraíonn sé sin d'ardrogha priontála in TRACES a cheadaíonn do thaispeáint chainníocht na coinsíneachta a d'imréitigh custaim, agus na mionsonraí ábhartha (uimhir thagartha an doiciméid custaim, an chainníocht a imréitithe, an chainníocht atá fágtha, etc.).

Cé go bhfuil an nasc le CSW-CERTEX AE roghnach faoi láthair le haghaidh údaráis chustaim na mBallstát, is iad taifid bainistíochta cainníochta na mBallstát sin a roghnaigh chun idirnascadh le CSW-CERTEX AE, agus na Ballstáit sin amháin, a bheidh infheicthe in TRACES. Le togra an Choimisiúin le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ⁽³³⁾, moltar an dáta in 2025 faoinar gá do Bhallstáit idirnascadh le CSW-CERTEX AE. Tá coinne leis go nglacfar agus go bhfoilseofar an togra san Iris Oifigiúil faoi dheireadh 2022.

⁽³⁰⁾ Féach Airteagal 1(3) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽³¹⁾ Féach Airteagal 4(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307.

⁽³²⁾ https://ec.europa.eu/taxation_customs/eu-single-window-environment-customs_en

⁽³³⁾ COM(2020) 673.

3. Táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann

3.1 *Catagóirí táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann arna sainaitheint de réir a gcód AC (liostaí deimhneacha)*

Cé hiad na catagóirí táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú, arna sainaitheint de réir a gcód AC, atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann (liostaí deimhneacha)?

Is iad na catagóirí táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann na catagóirí ainmhithe agus earraí sin atá faoi réir rialuithe oifigiúla SPS a liostaítear in Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

Liostaítear roinnt samplaí i dTábla 1.

Tábla 1

Airteagal	Liosta	Nótaí
47(1), pointí (a) agus (b) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla	Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632	Liostaí ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhíocha agus táirgí díorthacha, táirgí ilchodacha, agus féar tirim agus cochán atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, ar a léirítear a gcód AC.
47(1), pointe (c), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla	Cuid A d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072	An liosta plandaí, táirgí plandaí agus réada eile, chomh maith le tríú tíortha tionscnaimh nó seolta faoi seach, ar gá deimhniú fiteashláintíochta lena dtabhairt isteach i gcríoch an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2016/2031.
	Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072	An liosta plandaí, táirgí plandaí agus réada eile, ar gá deimhniú fiteashláintíochta lena dtabhairt isteach i gcriosanna áirithe faoi chosaint ó thríú tíortha tionscnaimh nó seolta áirithe.
47(1), pointí (d) agus (e) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla	Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793	Iarscríbhinn I - Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir mhéadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe, ar a léirítear a gcód AC. Iarscríbhinn II - Bia agus beatha ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir coinníollacha speisialta le haghaidh teacht isteach san Aontas de dheasca an riosca éillithe ó mhiceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicíde, peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí agus éillíú micribhitheolaíoch.
	Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/884 ón gCoimisiún Bearta éigeandála maidir le rís ghéinmhodhnaithe neamhúdraithe i dtáirgí ríse de thionscnamh na Síne	Iarscríbhinn I – Liosta táirgí.
	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialáítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a sheoltar ón tSeapáin ó bhí an timpiste i stáisiún cumhachta núicléiche Fukushima ann agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/6	Bia agus beatha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533.

	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún maidir leis na coinníollacha lena rialaítear allmhairí bia agus beatha de thionscnamh tríú tíortha tar éis na timpiste ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbaíl	Táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II, faoi threoir an chóid AC ábhartha ó thríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I.
	Bearta éigeandála um shláinte plandaí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (e), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.	Tá liosta neamh-uileghabhálach de bhearta éigeandála allmhairiúcháin an Aontais le haghaidh lotnaidí ar fáil ar leathanach gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ⁽³⁴⁾

3.2 Ainmniú pointí trasnaithe teorann agus pointe rialaithe agus liostú le haghaidh rialuithe oifigiúla maidir le táirgí a bheartaítear lena gcur ar an margadh mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú

3.2.1 Ainmniú pointe trasnaithe teorann agus clárú in TRACES

An gá do Bhallstáit pointí trasnaithe teorann a ainmniú le haghaidh rialuithe oifigiúla ar tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú?

Is gá. Is gá do Bhallstáit pointí trasnaithe teorann a ainmniú chun críocha rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann de bhun Airteagal 45(5) de ORR ⁽³⁵⁾.

I gcás ina mbeartaíonn Ballstáit pointí trasnaithe teorann atá ann cheana a úsáid chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú, ní foláir dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi shíneadh den sórt sin ar raon feidhme ainmniúcháin na bpointí trasnaithe teorann i leith táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ⁽³⁶⁾, agus a chur in iúl an mbaianeann athrú ar bhonneagar an phointe trasnaithe teorann leis an síneadh sin. Chun na críche sin, iarrtar ar na húdaráis náisiúnta inniúla úsáid a bhaint as an teimpléad tiomnaithe le haghaidh fhógra maidir le pointe trasnaithe teorann agus an fhoirm líonta isteach a sheoladh chuig sante-consult-f4@ec.europa.eu agus SANTE-IMPORT-CONTROLS@ec.europa.eu. Ina theannta sin, i gcás ina dtagann athrú ar bhonneagar pointe trasnaithe teorann in éineacht leis an síneadh réamhluaithe um raon feidhme ainmniúcháin na bpointí trasnaithe teorann, chun éascú don mheastóireacht ag an gCoimisiún, iarrtar ar na húdaráis náisiúnta inniúla na codanna ábhartha den tábla measúnúcháin le haghaidh pointí trasnaithe teorann a líonadh isteach agus doiciméad na foirme líonta isteach a sheoladh chuig sante-consult-f4@ec.europa.eu.

Ní mór do Bhallstáit a áirithiú go gcomhlíonann pointí trasnaithe teorann na híoscheanglais. I measc nithe eile, i gcás nach é an t-údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS ar ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla an t-údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha a dhéanamh ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú, is gá do Bhallstáit a áirithiú go mbíonn líon leordhóthanach foirne cuícháilithe ag na pointí trasnaithe teorann lena mbaineann chun seiceálacha orgánacha a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 64(3), pointe (a), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Thairis sin, ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go ndéantar na clár oiliúna le haghaidh fhoireann phost rialaithe teorann a thabhairt cothrom le dáta leis na ceanglais shonracha maidir le hallmhairiú le haghaidh ainmhithe agus earraí a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú.

Is gá do Bhallstáit a áirithiú freisin go mbíonn socruithe iomchuí i bhfeidhm do láimhseáil cheart na gcatagóirí difriúla ainmhithe agus earraí agus chun rioscaí a chosc, mar shampla, rioscaí ón traséilliú ⁽³⁷⁾. A mhéid a bhaineann leis an gceanglas do láimhseáil cheart na gcatagóirí difriúla ainmhithe agus earraí, áiritheodh na Ballstáit, d'ainneoin na n-íoscheanglas is infheidhme maidir le saoráidí phost rialaithe teorann a chomhroinnt, go ndéantar na saoráidí a úsáidtear le haghaidh táirgí orgánacha agus neamh-orgánacha (traidisiúnta) araon a bhainistiú ar bhealach chun sainnithint na mbaisceanna a áirithiú agus chun aon mheascadh nó éilliú idir táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú le táirgí nó substaintí nach gcomhlíonann na rialacha maidir le táirgeadh orgánach a chosc. Ní mór do tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheith in-aitheanta go soiléir i gcónaí. A mhéid a bhaineann le hainmhithe, ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go gcoimeádtar iad, go dtugtar aire dóibh nó go gcaitear leo faoi dhálaí iomchuí, agus go dtugtar beathú iomchuí orgánach dóibh i gcomhréir le pointe 1.4.1(b) de chuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le ORR nuair a chuirtear faoi choinneáil iad ⁽³⁸⁾.

⁽³⁴⁾ https://ec.europa.eu/food/plants/plant-health-and-biosecurity/legislation/control-measures_en

⁽³⁵⁾ Féach Airteagal 59(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽³⁶⁾ Féach Airteagal 59(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽³⁷⁾ Féach Airteagal 64(3), pointe (h), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽³⁸⁾ Féach freisin Airteagal 66(1), an dara fómhír, den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

I gcomhréir le hAirteagal 45(5) de ORR, ina dtagraítear d'Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, is ag na pointí trasnaithe teorann a dhéanfar cinneadh maidir le comhlíontacht leis na coinníollacha agus bearta le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú. Ní mór gach seiceáil orgánach a dhéanamh i bpointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach in éineacht leis na rialuithe oifigiúla SPS dá bhrí sin. Dá dheasca sin tá pointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach uathúil ann, agus ní féidir rialuithe oifigiúla SPS a leithlisiú ó sheiceálacha orgánacha trí phointí trasnaithe teorann difriúla a ainmniú. Ar an gcúis sin, ní féidir pointe trasnaithe teorann a ainmniú le haghaidh seiceálacha orgánacha amháin. Os a choinne sin, ní féidir pointe trasnaithe teorann a ainmniú le haghaidh rialuithe oifigiúla ach ar cheann amháin nó níos mó de na catagóirí ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ar táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú atá iontu.

Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát gur féidir leis dul ar aghaidh leis na pointí trasnaithe teorann a ainmniú le haghaidh seiceálacha orgánacha⁽³⁹⁾, ba cheart don Bhallstát an liosta leis na pointí trasnaithe teorann ainmhithe a tharchur do sheirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as TRACES⁽⁴⁰⁾. Sannfaidh na seirbhísí sin an fearann orgánach⁽⁴¹⁾ don phost rialaithe teorann/do na pointí trasnaithe teorann sin in TRACES. Dá réir sin, nuair a bhíonn an fearann orgánach in TRACES ag pointe trasnaithe teorann, cuirfidh sé sin ar chumas d'úsáideoirí an údaráis inniúil a nasctar leis an bpointe trasnaithe teorann sin amharc ar COInna agus formhuiniú a thabhairt dóibh le haghaidh coinsíneachtaí orgánach a thagann faoi réir fhreagracht an phointe trasnaithe teorann sin.

3.2.2 Ainmniú pointe rialaithe seachas pointe trasnaithe teorann agus clárú in TRACES

An gá do Bhallstáit pointí rialaithe a ainmniú le haghaidh rialuithe oifigiúla ar tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú?

Féadfaidh Ballstáit pointí rialaithe a ainmniú seachas pointí trasnaithe teorann⁽⁴²⁾, chun críocha seiceálacha SPS agus orgánacha sainaitheantais agus fisiceacha a dhéanamh ar tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú áirithe, i gcomhréir le Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123⁽⁴³⁾.

I gcás ina mbeartaíonn Ballstáit pointí rialaithe atá ann cheana a úsáid chun críocha na seiceálacha sainaitheantais orgánacha agus fisiceacha a dhéanamh, i gcomhréir le Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123, éilítear orthu táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a áireamh faoi raon feidhme ainmniúcháin na bpointí rialaithe sin⁽⁴⁴⁾.

Ós rud é go ndéanann na húdaráis náisiúnta inniúla bainistíocht ar na pointí rialaithe go díreach, b'éigean do Bhallstáit freisin dul ar aghaidh leis na hoiriúnuithe ábhartha (de láimh) in TRACES chun na húdaráis iomchuí ag a bhfuil an fearann orgánach in TRACES a shannadh dá bpointí rialaithe faoi seach. Ligfear leis sin pointí rialaithe a bhfuil an fearann orgánach ag a n-údaráis rialála in TRACES a roghnú chun na seiceálacha orgánacha a dhéanamh.

3.2.3 Liostú pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe seachas pointí trasnaithe teorann

Cén chaoi ar cheart na liostaí pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe a leasú chun a léiriú go n-áirítear táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú le raon feidhme an ainmniúcháin?

De thoradh Airteagal 53(2) agus Airteagal 60(1), pointe (d), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, ní mór do Bhallstáit a áireamh ar an liosta de phointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe, le haghaidh gach pointe trasnaithe teorann agus pointe rialaithe, na catagóirí ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) den Rialachán sin a chuirtear san áireamh le raon feidhme a ainmniúcháin. De bhun Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, is gá do Bhallstáit formáid shonrach a úsáid, is í sin an fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin le haghaidh na liostaí de phointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe réamhluaite, agus na giorrúcháin agus na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, ní mór dóibh na giorrúcháin agus na sonraíochtaí sin a úsáid.

I láthair na huaire, níl aon ghiorrúchán leagtha síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú. Le colún 7 den fhormáid le haghaidh liostaí de phointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe, áfach, ceadaítear do Bhallstáit sonraíochtaí breise maidir le raon feidhme an ainmniúcháin agus na sonraíochta "1)" a áireamh iontu chun tagairt a dhéanamh do shonraíochtaí breise den sórt sin i gcolún 7.

⁽³⁹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 59(3) go (5) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽⁴⁰⁾ Féach pointe 3.2.3 den doiciméad seo.

⁽⁴¹⁾ Tá na fearainn údaráis cumraithe agus bainistithe in TRACES agus sanntar d'údaráis iad (e.g. pointí trasnaithe teorann, údaráis lárnacha/réigiúnacha/áitiúla) lena limistéar inniúlachta a chinneadh (i.e. an cineál (na cineálacha) doiciméad/rialuithe oifigiúla a bheidh le bainistiú ag gach údarás in TRACES).

⁽⁴²⁾ Dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla agus i Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123.

⁽⁴³⁾ Féach Airteagal 53(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, i gcomhar le hAirteagal 59(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽⁴⁴⁾ Féach Airteagal 53(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, i gcomhar le hAirteagal 59(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

I bhfianaise an mhéid thuas, le haghaidh gach pointí trasnaithe teorann agus pointe rialaithe a ainmnítear chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú, ba cheart do Bhallstáit sonraíochtaí breise a áireamh le colún 7 de na liostaí de phointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe chun a léiriú go n-áirítear táirgí den sórt sin le raon feidhme an ainmniúcháin. Chun na críche sin, chun na catagóirí táirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú a áirítear le raon feidhme an ainmniúcháin a chur in iúl, ba cheart dóibh úsáid a bhaint as na giorrúcháin a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 (mar shampla, lena n-áirítear POA-HC agus PNAO-HC orgánach agus atá á dtiontú).

Ba cheart na liostaí de phointí trasnaithe teorann a chur in iúl do sheirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as tacaíocht TRACES ag sante-traces@ec.europa.eu chun ceadú do na pointí trasnaithe teorann lena mbaineann a bheith liostaithe in TRACES. I gcás na bpointí rialaithe, is gá do na Ballstáit na hoiriúnuithe de láimh a dhéanamh in TRACES ⁽⁴⁵⁾.

3.3 **Láthair na rialuithe oifigiúla le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann**

3.3.1 *Rialuithe oifigiúla i bhfad ón bpointe trasnaithe teorann*

Céard atá i gceist le rialuithe oifigiúla a dhéantar i bhfad ón bpointe trasnaithe teorann?

Tá dhá chás ann lena mbreithniú.

A mhéid a bhaineann le hearraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 53(1), pointe (e), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunaítear na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i bhfad ó phointe trasnaithe teorann. Tá an fhéidearthacht sin teoranta, áfach, do choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réada eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (c), den Rialachán sin. Ina theannta sin, is gá an choinsíneacht a bheith suite laistigh den phointe trasnaithe teorann d'ainneoin an fhórais go ndéantar na seiceálacha doiciméadacha go cianda. Leagtar síos na rialacha sonracha lena rialaítear na rialuithe oifigiúla sin i gCaibidil II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123.

A mhéid a bhaineann le hearraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann seachas plandaí, táirgí plandaí agus réada eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (c), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽⁴⁶⁾ is gá an choinsíneacht a bheith i láthair go fisiciúil ag an bpointe trasnaithe teorann freisin, dá bhforáiltear in Airteagal 47(5) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. I gcomhréir le hAirteagal 49(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, déanfaidh an t-údarás inniúil rialuithe oifigiúla lena n-áirítear seiceálacha doiciméadacha ag an bpointe trasnaithe teorann, ag úsáid an tsaineolais uile atá ar fáil dó.

3.3.2 *Láthair na rialuithe breise ar tháirgí de thionscnamh tríú tíortha sonracha*

An féidir na rialuithe breise ar tháirgí orgánacha de thionscnamh tríú tíortha áirithe a dhéanamh lasmuigh de na pointí trasnaithe teorann?

Is é an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, a bhunaíonn na catagóirí táirgí de thionscnamh tríú tíortha sonracha nach mór dóibh teacht faoi réir rialuithe breise sa tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 agus freisin ag an teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ⁽⁴⁷⁾. Má thagann an táirge faoi réir na gcatagóirí táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag an bpointe trasnaithe teorann nó pointe rialaithe, déanfar rialuithe breise ag an bpointe trasnaithe teorann nó pointe rialaithe. I gcás aon táirge eile a dhíolmhaítear ó rialuithe oifigiúla ag an bpointe trasnaithe teorann, déanfar na rialuithe breise ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

3.3.3 *Cur i bhfeidhm rialacha maidir le hiompar ar aghaidh chuig bia agus beatha orgánach nach de bhunadh ainmhíoch iad*

Cén fáth nach bhfuil aon tagairt i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305, do bhia nó beatha orgánach nó atá á dtiontú nach de bhunadh ainmhíoch iad in Airteagal 47(1), pointí (d) go (f), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann de bhua Airteagal 45(5) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla?

Ní gá tagairt den sórt sin a áireamh ann, ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 cheana maidir le bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, lena n-áirítear i gcás inar táirge orgánach nó atá á dtiontú é an bia agus an beatha sin atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann de bhua Airteagal 45(5) de ORR. Tagann sé sin ó Airteagal 1(1), pointe (a)(iii), de Rialachán Tarmligthe 2019/2124, ina luaitear go mbeidh feidhm ag forálacha maidir le hiompar ar aghaidh a leagtar síos sa Rialachán sin maidir le:

⁽⁴⁵⁾ Féach pointe 3.2.2 den doiciméad seo.

⁽⁴⁶⁾ Féach Caibidil II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123.

⁽⁴⁷⁾ https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/farming/organic-farming/trade_en

“(iii) bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad atá faoi réir na mbeart dá bhforáiltear leis na gníomhartha dá dtagraítear i bpointí (d), (e) agus (f) d’Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2017/625;”.

I ndáil leis sin, tagann táirgí orgánacha agus atá á dtiontú dá dtagraítear in Airteagal 45(5) de ORR faoi réim na gcatagóirí ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (f), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽⁴⁸⁾.

3.3.4 *Nós Imeachta le haghaidh aistriú chuig pointí rialaithe le haghaidh sheiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha, lena n-áirítear le haghaidh seiceálacha orgánacha i bhfoirm sheiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha*

An féidir leat tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar an bpróiseas aistriú chuig pointí rialaithe seachas pointí trasnaithe teorann le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123?

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305, cumhdaítear coinsíneachtaí bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad agus plandaí, táirgí plandaí agus réada eile atá beartaithe lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó táirgí atá á dtiontú agus atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann de bhua Airteagal 45(5) de ORR.

Leagtar síos na coinníollacha chun **seiceálacha orgánacha, i bhfoirm sheiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha, a dhéanamh ag pointí rialaithe** in Airteagal 2a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305. Go háirithe, ní féidir leis an údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha orgánacha aistriú den sórt sin a údarú ach amháin má tá taifead déanta sa CHED ag údarás inniúla an phointe trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS dá n-údarú chun an choinsíneacht a aistriú chuig pointe rialaithe le haghaidh seiceálacha sábháilteachta bia agus beatha i bhfoirm seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha nó le haghaidh sheiceálacha fiteashláintíochta i bhfoirm seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha ⁽⁴⁹⁾.

Is trí mheán an COI a tharlaíonn an sreabhadh oibre chun aistriú chuig pointe rialaithe a údarú le haghaidh sheiceálacha orgánacha sainaitheantais agus fisiceacha (boscaí 21, 22, 25, 26, 27 agus 29 den COI samplach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306). Os a choinne sin, is trí mheán CHED a tharlaíonn an sreabhadh oibre chun aistriú chuig pointe rialaithe a údarú le haghaidh seiceálacha sábháilteachta bia agus beatha ⁽⁵⁰⁾ nó le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha fiteashláintíochta ⁽⁵¹⁾.

I gcás ina n-údarófar an t-aistriú chuig pointe trasnaithe sa CHED agus sa COI araon, ní mór na seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha orgánacha agus na seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS a dhéanamh ag an bpointe rialaithe céanna, ar pointe é nach mór a ainmniú le haghaidh chatagóir na n-earraí sa choinsíneacht agus a bheith lonnaithe sa Bhallstát ina mbeidh an choinsíneacht le scaoileadh i saorchúrsaíocht ⁽⁵²⁾.

I ndáil leis an bhfógra um aistriú ón údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha orgánacha ag an bpointe trasnaithe teorann, ar fógra é a thabharfar don údarás atá freagrach as seiceálacha orgánacha ag an bpointe rialaithe ⁽⁵³⁾, ní ghintear aon fhógra sonrach go huathoibríoch in TRACES agus bosca 27 sa COI líonta isteach. Mar sin féin, agus aistriú chuig pointe rialaithe údaraithe (roghnaítear pointe rialaithe i mbosca 27 den COI), na húdarás inniúla a bheidh le feiceáil mar na húdarás inniúla atá freagrach as an bpointe rialaithe sin, beidh siad in ann an COI a fheiceáil tríd an deais atá acu (áit a mbeidh na COInna uile ina limistéar freagrachta le feiceáil).

I gcás inar roghnaigh údarás inniúla an phointe trasnaithe teorann an choinsíneacht le haghaidh seiceálacha sábháilteachta bia agus beatha nó seiceálacha fiteashláintíochta i bhfoirm seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha agus le haghaidh seiceálacha orgánacha i bhfoirm seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha, is iad údarás inniúla an phointe trasnaithe teorann a dhéanfaidh an t-aistriú a údarú i ndáil leis na seiceálacha uile sin ⁽⁵⁴⁾ (ar a dtugtar “comhthreomhaireacht iomlán”).

⁽⁴⁸⁾ Féach aithris 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽⁴⁹⁾ Airteagal 2a(1)(d) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽⁵⁰⁾ Le hAirteagal 1(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 sainítear “seiceálacha sábháilteachta bia agus beatha” mar “rialuithe oifigiúla a dhéantar chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2017/625 a fhíorú”.

⁽⁵¹⁾ Le hAirteagal 1(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 sainítear “seiceálacha fiteashláintíochta” mar “rialuithe oifigiúla a dhéantar chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g), de Rialachán (AE) 2017/625 a fhíorú”.

⁽⁵²⁾ Airteagal 3(3)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 agus Airteagal 4(4), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽⁵³⁾ Féach Airteagal 2a(1), pointe (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽⁵⁴⁾ Airteagal 3(3)(b) agus Airteagal 4(4), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/2305.

I ndáil le coinsíneachtaí bia agus beatha nach de nach de bhunadh ainmhíoch iad nó coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú, féadfaidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS an t-aistriú chuig pointe rialaithe a údarú le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha chun comhlíontacht le **rialacha sláintíochta nó fiteashláintíochta** dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla (OCR), a fhíorú, de réir mar is iomchuí. Sa chás sin, tá feidhm ag an méid seo a leanas (féach freisin an crann cinní tiomnaithe in Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo):

- an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha doiciméadacha orgánacha, déanann sé na seiceálacha sin agus líonann sé bosca 25 den COI isteach i ndáil le toradh na seiceálacha sin. Ní mór don údarás a léiriú sa bhosca sin freisin ar roghnaíodh an choinsíneacht le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha;
- i gcomhthráth leis sin, i gcás ina mbeidh an choinsíneacht roghnaithe ag an bpointe trasnaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS (cuirtear tic i mboscaí II.4, II.5 agus b'fhéidir II.6 den CHED) agus ina mbeartóidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS an t-aistriú chuig pointe rialaithe a údarú le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS, údaróidh an t-údarás inniúil sin aistriú na coinsíneachta chuig pointe trasnaithe, ach amháin:
 - i mbosca 30 den COI, má tá tic curtha sa ticbhosca “ní féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” ⁽⁵⁵⁾. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le cás inarb amhlaidh de thoradh bhosca 30 den COI nach féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí) ⁽⁵⁶⁾. I gcás nach roghnófar an choinsíneacht le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha orgánacha sa COI, ní mór don údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS fanacht go dtí go ndéanfar an chinnidh a thairgeadh i mbosca 30 den COI. Os a choinne sin, i gcás nach roghnófar an choinsíneacht le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha orgánacha sa COI, is féidir leis an údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS dul ar aghaidh leis an aistriú a údarú sa CHED gan fanacht le bosca 30 den COI a bheith líonta isteach. Ina theannta sin, is féidir leis an údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS an t-aistriú chuig pointe rialaithe a údarú freisin i gcás nach mbeidh toradh na seiceálacha doiciméadacha i mbosca 25 sásúil ar choinníoll gurb é an cinneadh i mbosca 30 den COI gur féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht mar tháirgí neamhorgánacha. Sa chás sin, ba cheart don aistriú chuig pointe rialaithe le haghaidh seiceálacha sábháilteachta bia agus beatha nó sainaitheantais agus fisiceacha fiteashláintíochta a bheith indéanta fós. Ní gá an pointe rialaithe a ainmniú le haghaidh seiceálacha orgánacha. Tarlaíonn an t-aistriú chuig pointe rialaithe i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i gCaibidil I de Rialachán (AE) 2019/2123; nó
 - Cuirtear tic sa bhosca maidir le nósanna imeachta custaim speisialta sa COI ⁽⁵⁷⁾;
- I gcás nach mbeidh an t-aistriú chuig pointe rialaithe iarrtha ag an oibreoir, féadfaidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS cinneadh a dhéanamh maidir leis an aistriú sin ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-oibreoir agóid in aghaidh an chinnidh sin ⁽⁵⁸⁾;
- agus aistriú chuig pointe rialaithe údaraithe i mbosca II.9 agus II.18 den CHED, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh a eisiúint a bheidh i gcomhréir le hAirteagal 2(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2123. Agus an CHED (iar-dhoiciméad) sin á eisiúint, ní mór don oibreoir an cineál táirge “Orgánach” a roghnú i mbosca I.31 den CHED seo agus nasc chuig an COI a chur isteach sa CHED (iar-dhoiciméad) sin; agus
- tar éis do na seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha a bheith déanta ag an bpointe rialaithe, cuireann an t-údarás inniúil ag an bpointe rialaithe atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS an CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh i gcrích. Ní fhéadfar an CHED a chur i gcrích mar CHED a bheidh inghlactha don mhargadh inmheánach ach amháin tar éis breathnú ar an COI (tríd an nasc chuig an COI atá ar fáil sa CHED) ⁽⁵⁹⁾.

⁽⁵⁵⁾ Airteagal 2(4) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán (AE) 2021/2305.

⁽⁵⁶⁾ Is amhlaidh an cás i gcás inarb é an cinneadh a thairgeadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé sonraíte ag an údarás inniúil orgánach faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI nach féidir an chuid eile den choinsíneacht a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí). I ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI más rud é gur roghnaíodh an rogha “Is féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” (féach na nótaí maidir le bosca 30 den COI a líonadh isteach i gcuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2306).

⁽⁵⁷⁾ Féach pointe 2.8.

⁽⁵⁸⁾ Airteagal 4(2), pointe (b), de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123.

⁽⁵⁹⁾ Féach an crann cinní tiomnaithe in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Doiciméad seo chun CHED a chur i gcrích mar CHED a bheidh inghlactha don mhargadh inmheánach – Nasc chuig COI.

Sampla – cinneadh de chuid an údaráis fiteashláintíochta ag an bpointe trasnaithe teorann chun aistriú chuig pointe rialaithe a údarú le haghaidh seiceálacha sláinte plandaí (**sreabhadh oibre sa CHED**).

Coinsíneacht de thorthaí citris ó Mheicsiceo a bheartaítear lena gcur ar mhargadh an Aontais mar thorthaí orgánacha (roghnaítear cineál táirge “Orgánach” i mbosca I.31 den CHED agus cuirtear nasc chuig an COI isteach sa CHED), cuirtear an choinsíneacht sin i láthair le haghaidh rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach i mBallstát 1. Iarrann an t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht go n-aistrefar an choinsíneacht chuig pointe rialaithe le haghaidh seiceálacha sláinte plandaí, i mBallstát 2, i gcás ina roghnófar an choinsíneacht le haghaidh na seiceálacha sin, trí bhosca I.20 a líonadh isteach i gcuid I den CHED-PP in TRACES. Bainneann an méid a leanas:

- ní mór pointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach a léiriú i mbosca 10 den COI ⁽⁶⁰⁾;
- an pointe rialaithe ag a mbeidh seiceálacha sláinte plandaí le déanamh, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht é a léiriú i mbosca I.20 den CHED-PP, in TRACES, sa chuid atá tiomnaithe le haghaidh “mionsonraí na gceann scríbe rialaithe le haghaidh I.20” ⁽⁶¹⁾;
- an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha orgánacha, déanann sé na seiceálacha doiciméadacha orgánacha agus déanann sé toradh na seiceálacha sin a thaifeadadh sa chuid ábhartha i mbosca 25 den COI. Léiríonn sé freisin i mbosca 25 den COI ar roghnaíodh an choinsíneacht le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha. Déantar seiceálacha doiciméadacha orgánacha ag an bpointe trasnaithe teorann;
- an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha fiteashláintíochta, déanann sé seiceálacha doiciméadacha agus más rud é go mbeidh na seiceálacha sin sásúil, féadfaidh sé aistriú na coinsíneachta chuig pointe rialaithe a údarú le haghaidh seiceálacha sláinte plandaí i mBallstát 2 ⁽⁶²⁾, trí bhoscaí II.9 agus II.18 a líonadh isteach sa chéad CHED-PP in TRACES, ar choinníoll go mbeidh an choinsíneacht roghnaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha fiteashláintíochta ag an bpointe trasnaithe teorann. I gcás nár iarr an t-oibreoir ar an aistriú chuig pointe rialaithe, féadfaidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann cinneadh a dhéanamh maidir leis an aistriú sin, ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-oibreoir agóid in aghaidh an chinnidh sin ⁽⁶³⁾. Mar sin féin, sula n-údarófar an t-aistriú tríd an CHED, ní mór don údarás inniúil an COI a sheiceáil (tríd an nasc atá ar fáil sa CHED) agus diúltú don aistriú má tá tic curtha sa ticbhosca “ní féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” i mbosca 30 den COI. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le cás inarb amhlaidh de thoradh bhosca 30 den COI nach féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí) ⁽⁶⁴⁾. Tá feidhm ag an méid sin freisin i gcás ina mbeidh tic curtha i mbosca 23 den COI maidir le nósanna imeachta custaim speisialta ⁽⁶⁵⁾;
- i gcás ina roghnófar an choinsíneacht le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha orgánacha, ní mór don údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha orgánacha aistriú chuig an bpointe trasnaithe a údarú, ar é sin an pointe rialaithe céanna agus a léirítear sa CHED (féach crann cinntí tiomnaithe le haghaidh an údaráis atá freagrach as seiceálacha orgánacha in Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo).
- agus aistriú údaraithe sa CHED, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh a eisúint dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2123, an cineál táirge “Orgánach” a roghnú i mbosca I.31 den CHED sin agus nasc chuig an COI a chur isteach sa CHED (iar-dhoiciméad) sin; agus
- an t-údarás inniúil ag an bpointe rialaithe atá freagrach as seiceálacha fiteashláintíochta, cuireann sé an CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2019/2123 i gcrích. Ní fhéadfar an CHED sin a chur i gcrích mar CHED a bheidh inghlachta don mhargadh inmheánach ach amháin tar éis breathnú ar an COI formhuinithithe (tríd an nasc chuig an COI atá ar fáil sa CHED (iar-dhoiciméad) sin).

⁽⁶⁰⁾ Féach Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 agus na Nótaí maidir leis an COI a líonadh isteach i gcuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

⁽⁶¹⁾ Féach Airteagal 2(1)(a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 agus na Nótaí maidir leis an CHED a líonadh isteach, i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

⁽⁶²⁾ Cé is moite den chás dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2019/2123, ina n-úsáideann Ballstát córas náisiúnta atá ann cheana in áit TRACES chun torthaí rialuithe oifigiúla a thaifeadadh. Sa chás sin, ní féidir leis an aistriú tarlú ach sa Bhallstát céanna agus ansin amháin.

⁽⁶³⁾ Airteagal 4(2)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123.

⁽⁶⁴⁾ Is amhlaidh an cás i gcás inarb é an cinneadh a thaifeadadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé sonraithe ag an údarás inniúil orgánach faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI nach féidir an chuid eile den choinsíneacht a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí). I ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI más rud é gur roghnaíodh an rogha “Is féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” (féach na nótaí maidir le bosca 30 den COI a líonadh isteach i gcuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306).

⁽⁶⁵⁾ Féach pointe 2.8 den doiciméad seo.

Sampla

Maidir leis an sreabhadh oibre le haghaidh an údaráis inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as **seiceálacha orgánacha** i ndáil le haistriú chuig an bpointe rialaithe a údarú sa COI le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha orgánacha, **féach crann cinní tiomnaithe in Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.**

Maidir leis an bpointe sin, féach freisin:

- an Crann cinní le haghaidh an údaráis inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS a bhaineann le haistriú chuig an bpointe rialaithe a údarú tríd an CHED le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Doiciméad seo; agus
- an Crann cinní le haghaidh an údaráis inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha orgánacha chun an t-aistriú chuig an bpointe rialaithe a údarú sa COI le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha orgánacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Doiciméad seo.

3.3.5 Nós imeachta um iompar ar aghaidh chuig an gceann scríbe go dtí go mbeidh torthaí anailísí saotharlainne ar fáil

An féidir leat tuairisc mhionsonraithe a thabhairt ar an bpróiseas a bhaineann leis an iompar ar aghaidh chuig an gceann scríbe, go dtí go mbeidh torthaí na seiceálacha fisiceacha ar fáil, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124?

Le Rialachán (AE) 2019/2124 cumhdaítear plandaí, táirgí plandaí agus réada eile agus bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann, lena n-áirítear an áit a mbeartófar iad a chur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú. Mar shampla, an bia agus an beatha seo a leanas nach de bhunadh ainmhíoch iad a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú, féadfaidh siad a bheith i gceist le haistriú den sórt sin chuig saoráidí iompar ar aghaidh: rís agus táirgí ríse ón tSín, faoi réir Chinneadh Cur Chun Feidhme 2011/884/AE; táirgí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

Níl feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 maidir le táirgí ar de bhunadh ainmhíoch iad.

Na cásanna inar féidir, agus na coinníollacha faoinar féidir iompar ar aghaidh a údarú, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá le leanúint, leagtar síos i gCaibidil II, Airteagail 3 go 10, de Rialachán (AE) 2019/2124 iad.

Sainmhínítear “Iompar ar aghaidh” in Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/2124 mar “gluaiseacht choinsíneachtaí earraí ó phost rialaithe teorann chuig a gceann scríbe san Aontas go dtí go mbeidh torthaí na n-anailísí agus na dtástálacha saotharlainne ar fáil”.

Leagtar na coinníollacha maidir leis an iompar ar aghaidh a údarú síos in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124. Féadfaidh údaráis inniúla an phointe trasnaithe teorann ag a dtugtar coinsíneachtaí isteach san Aontas, iompar ar aghaidh na gcoinsíneachtaí a údarú ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas: maidir le toradh na seiceálacha doiciméadacha, na seiceálacha sainaitheantais agus na seiceálacha fisiceacha, seachas toradh na n-anailísí agus na dtástálacha saotharlainne a dhéantar mar chuid de na seiceálacha sin, arna ndéanamh ag an bpointe trasnaithe teorann, tá toradh na seiceálacha sin sásúil (a); d'iarr an t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an t-iompar ar aghaidh iarrtha (b).

An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht, féadfaidh sé iompar ar aghaidh a iarraidh i gcás ina roghnófar an choinsíneacht ag an bpointe trasnaithe teorann le haghaidh tástálacha saotharlainne. I gcás coinsíneachtaí táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú, feadfaidh iompar ar aghaidh tarlú sna cásanna seo a leanas:

- táthar ar feitheamh torthaí na dtástálacha SPS ar fáil agus iad sin amháin; sa chás sin, is le haghaidh tástálacha SPS amháin roghnaíodh an choinsíneacht (tic curtha i mbosca II.6 den CHED) agus níor roghnaíodh le haghaidh tástálacha saotharlainne orgánacha í (níl tic curtha sa chuid ábhartha ar thástáil saotharlainne i mbosca 29 den COI); nó

- táthar ar feitheamh torthaí na dtástálacha SPS agus orgánacha **araon**; sa chás sin, is le haghaidh tástálacha saotharlainne SPS agus le haghaidh tástálacha saotharlainne orgánacha **araon** a roghnaíodh an choinsíneacht. Tarlaíonn an sreabhadh oibre maidir le hiompar ar aghaidh a údarú tríd an CHED agus ní mór do na húdaráis inniúla ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus as seiceálacha orgánacha faoi seach dul i gcomhar le chéile chun na críche sin.

Os a choinne sin, níl sé indéanta an t-iompar ar aghaidh a údarú tríd an CHED in TRACES i gcás nár roghnaíodh an choinsíneacht ach le haghaidh tástálacha saotharlainne orgánacha (seachas tástálacha saotharlainne SPS) agus lena n-aghaidh sin amháin. Go deimhin, ní mór don údarás inniúil an t-iompar ar aghaidh a údarú sa CHED, agus dá réir sin, ní féidir leis an údarú tarlú ach amháin i gcás ina mbeidh tic curtha sna boscaí II.4 go II.6 den CHED.

I gcás ina n-údaróidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann an t-iompar ar aghaidh sna cásanna ar a dtugtar tuairisc thuas, ba cheart an t-iompar chuig na saoráidí iompar ar aghaidh tarlú **roimh** fhormhuiniú an COI agus/nó chur i gcrích an CHED. Ní féidir le formhuiniú an COI tarlú ach amháin i gcás ina mbeidh torthaí na n-anailísí saotharlainne ar fáil faoi chuimsiú na seiceálacha orgánacha.

Nuair a údaróidh na húdaráis inniúla ag an bpointe trasnaithe teorann an t-iompar ar aghaidh, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht CHED ar leithligh a eisiúint dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/2124. Ní mór don oibreoir an cineál táirge “Orgánach” a roghnú i mbosca I.31 den CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh sin agus an nasc chuig an COI a chur isteach sa CHED sin.

Ní mór an choinsíneacht a iompar chuig “saoráidí iompar ar aghaidh” a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 agus a chlárú in TRACES i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin. Ciallaíonn sé sin, i measc nithe eile, go bhféadfaidh na Ballstáit saoráidí iompar ar aghaidh a ainmniú le haghaidh coinsíneachtaí d’aon chatagóir amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2019/2124 ar choinníoll gur stórais chustaim nó saoráidí stórála sealadaí iad dá dtagraítear in Airteagal 240(1) agus in Airteagal 147(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, faoi seach ⁽⁶⁶⁾.

Sainmhínítear “saoráidí iompar ar aghaidh” in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 mar “an tsaoráid ag an gceann scríbe san Aontas nó ag áit atá suite faoi shainchúram an údaráis inniúil chéanna agus atá an ceann scríbe, arna hainmniú ag an mBallstát cinn scríbe le haghaidh coinsíneachtaí earraí a stóráil ar coinsíneachtaí iad atá faoi réir iompar ar aghaidh sula scaoilfead na coinsíneachtaí sin i saorchúrsaíocht”.

I gcás táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú, ní fhéadfar ach áitreabh an chéad choinsíní a ainmniú mar shaoráidí iompar ar aghaidh, ós rud é leis an iompar ar aghaidh go gcumasaítear an ghluaiseacht chuig an gceann scríbe agus go bhfaigheann an chéad choinsíní ⁽⁶⁷⁾ an choinsíneacht chun tuilleadh ullmhúcháin agus/nó margaíochta a dhéanamh uirthi.

Na coinníollacha maidir le coinsíneachtaí a iompar agus a stóráil, ar coinsíneachtaí iad atá faoi réir iompar ar aghaidh, leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 iad. Go háirithe, ní ceadmhach imeacht na coinsíneachta as an tsaoráidí iompar ar aghaidh go dtí go ndéanfaidh údaráis inniúla an phointe trasnaithe teorainn an cinneadh maidir leis an gcoinsíneacht agus go ndéanfaidh siad é a tháifeadadh sa CHED i gcomhréir le Airteagal 55 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽⁶⁸⁾. Ní fhéadfar an CHED a chur i gcrích mar CHED a bheidh “inghlactha don mhargadh inmheánach” ach amháin tar éis breathnú ar an COI formhuinithe (tríd an nasc chuig an COI atá ar fáil sa CHED).

Le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 leagtar síos na hoibríochtaí atá le déanamh ag údaráis inniúla an phointe trasnaithe teorann tar éis dóibh an t-iompar ar aghaidh a údarú. Go háirithe, tar éis dóibh an CHED ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 a chur i gcrích, agus i gcomhréir le hAirteagal 56(5) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, ní mór d’údaráis inniúla an phointe trasnaithe teorann ag a dtabharfar an choinsíneacht isteach san Aontas, fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla ag an gceann scríbe (an chéad choinsíní) trí TRACES ⁽⁶⁹⁾. Ní mór formhuiniú an COI tarlú sula gcuirfead an CHED ar leithligh i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” agus tá an formhuiniú le déanamh ag an údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as cinneadh a tháifeadadh sa COI.

⁽⁶⁶⁾ Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124.

⁽⁶⁷⁾ Ciallaíonn “céadchoinsíní” duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhunaítear san Aontas agus atá faoi réir an chórais rialaithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/848 a ndéanann an t-allmhaireoir an choinsíneacht a sheachadadh air tar éis na scaoilte i saorchúrsaíocht agus a fhaigheann í chun tuilleadh ullmhúcháin agus/nó margaíochta a dhéanamh uirthi (Airteagal 2(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307).

⁽⁶⁸⁾ Féach Airteagal 6(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124.

⁽⁶⁹⁾ Féach Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124.

Le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 leagtar síos na hoibríochtaí atá le déanamh ag na húdaráis inniúla ag an gceann scríbe (an chéad choinsíní). Go háirithe, ní mór do na húdaráis inniúla ag an gceann scríbe teacht na coinsíneachta ag an tsaoráid iompar ar aghaidh a dheimhniú trí Cuid III den CHED a líonadh isteach in TRACES dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/2124 (CHED tosaigh, seachas an CHED (iar-dhoiciméad) dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin). Thairis sin, na húdaráis inniúla ag an gceann scríbe, ní mór dóibh coinsíneachtaí nach gcomhlíonann na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla a chur faoi choimeád oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 66(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, agus ní mór dóibh gach beart is gá a dhéanamh chun na bearta a chur i bhfeidhm ar bearta arna n-ordú ag údaráis inniúla an phointe trasnaithe teorann iad i gcomhréir le hAirteagal 66(3) agus 66(4) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽⁷⁰⁾.

Ní féidir an scaoileadh i saorchúrsaíocht tarlú ach amháin i gcás ina mbeidh an CHED curtha i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach”, i gcomhréir le hAirteagal 57(2), pointe (b), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla agus ina léirítear sa COI gur féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

3.4 *An nasc idir an COI agus an CHED*

3.4.1 *Údaráis inniúla dhifriúla a ainmniú ar údaráis iad atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus as seiceálacha orgánacha*

I roinnt Ballstát, is údaráis dhifriúla iad na húdaráis atá inniúil ar sheiceálacha orgánacha a dhéanamh agus na húdaráis sin atá inniúil ar rialuithe oifigiúla SPS. Na rialacha maidir le rialuithe onnmhairiúcháin ar tháirgí orgánacha ag pointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach, is infheidhme ón 1 Eanáir 2022, an ndéanann na rialacha sin difear do roinnt náisiúnta na bhfreagrachtaí sin?

Na rialacha maidir le rialuithe onnmhairiúcháin ar tháirgí a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú agus is infheidhme ón 1 Eanáir 2022 ⁽⁷¹⁾ ní dhéanann siad difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit údaráis inniúla dhifriúla a ainmniú chun bheith freagrach faoi seach as seiceálacha orgánacha agus as rialuithe oifigiúla SPS a dhéanamh, ná don fhéidearthacht go ndéanfaidh na húdaráis dhifriúla den sórt sin na seiceálacha sin ag pointí trasnaithe teorann.

Tá an COI le formhuiniú ag an údarás inniúil atá i gceannas ar na seiceálacha orgánacha ag an bpointe trasnaithe teorann nó ag an bpointe rialaithe, de réir mar is iomchuí.

Thairis sin, sonraítear in Airteagal 6(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 i ndáil leis an gcinneadh a dhéantar maidir le coinsíneachtaí i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, tagrófar leis do cheann amháin de na tásca dá dtagraítear in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306. Chun na críche sin, beidh an nasc chuig an COI ar fáil sa CHED agus i gcás inarb amhlaidh ar bhonn thorthaí na rialuithe oifigiúla SPS, gur féidir an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach”, ba ghá don chigire SPS an cinneadh arna thaifeadadh i mbosca 30 den COI a chur san áireamh tríd an nasc sin sula gcuirfear an CHED i gcrích ⁽⁷²⁾.

3.4.2 *Foireann atá inniúil ar shampláil a dhéanamh le haghaidh na hanailíse agus chun an COI a fhorghuiniú*

An gá do thréidlia oifigiúil nó do chigire sláinte plandaí an COI a fhorghuiniú? An gá do thréidlia oifigiúil nó do chigire sláinte plandaí oifigiúil an tsampláil a dhéanamh chun críoch seiceálacha orgánacha?

Ní gá. É sin ráite, ní mór do thréidlia oifigiúil nó do chigire sláinte plandaí oifigiúil cinneadh a dhéanamh maidir le coinsíneachtaí de tháirgí den sórt sin, i gcomhréir le hAirteagal 55 (1) agus (2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Chuige sin, ní fhéadfaidh an thréidlia oifigiúil ná an cigire sláinte plandaí oifigiúil an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” ach amháin tar éis dó an cinneadh maidir leis an gcoinsíneacht arna thaifeadadh i mbosca 30 den COI a chur san áireamh ⁽⁷³⁾.

⁽⁷⁰⁾ Féach Airteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124.

⁽⁷¹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305; Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307.

⁽⁷²⁾ Féach freisin pointe 3.4.4. den doiciméad seo.

⁽⁷³⁾ Féach freisin pointí 3.4.1. den doiciméad seo, maidir le roinnt na bhfreagrachtaí agus pointe 3.4.4 den doiciméad seo maidir leis an nasc COI-CHED.

3.4.3 Féidearthacht ag na húdaráis ag na pointí trasnaithe teorann atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus as seiceálacha orgánacha chun gníomhú go neamhspleách, lena n-áirítear in TRACES

An féidir leis na húdaráis inniúla ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach, faoi seach, as seiceálacha orgánacha agus as rialuithe oifigiúla SPS oibriú go neamhspleách? An féidir gach údarás díobh a ainmniú ar leithligh mar phost rialaithe teorann le haghaidh a limistéir inniúlachta?

Is féidir leis na húdaráis inniúla sin oibriú go neamhspleách. An tráth céanna, ceanglaítear orthu faisnéis a mhalartú i gcás ina mbraithfidh siad neamhchomhlíonadh i ndáil leis an gcoinsíneacht chéanna nó faisnéis ábhartha eile a bhaineann leis an stádas orgánach ⁽⁷⁴⁾.

Dá réir sin, le TRACES, ligtear do na húdaráis inniúla ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as seiceálacha orgánacha agus as rialuithe oifigiúla SPS gníomhú go neamhspleách a mhéid a bhaineann leis an COI agus an CHED a líonadh isteach agus a shíniú. Le TRACES, soláthraítear rochtain inléite amháin ar COI tríd an CHED d'údaráis atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus *vice versa* d'údaráis atá freagrach as seiceálacha orgánacha chun go mbeidh sé níos éasca dóibh na COInna agus CHEDanna a fheiceáil.

Tar éis don Choimisiún an Ballstát a chur ar an eolas gur féidir leis dul ar aghaidh leis na pointí trasnaithe teorann a ainmniú le haghaidh seiceálacha orgánacha, ní mór don Bhallstát liosta de na pointí trasnaithe teorann a ainmnítear le haghaidh seiceálacha orgánacha a tharchur do sheirbhísí an Choimisiúin atá freagrach as TRACES agus sannfaidh na seirbhísí sin an fearann orgánach ⁽⁷⁵⁾ don phost nó do na pointí trasnaithe teorann sin.

3.4.4 Sreabhadh oibre chun CHED a chur i gcrích ar CHED é atá nasctha le COI

Céard é an sreabhadh oibre chun CHED a chur i gcrích ar CHED é atá nasctha le COI?

- Faigheann an t-údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha SPS agus orgánacha fógra roimh ré faoi theacht na coinsíneachta tríd an CHED agus an COI;
- I gcás ina mbeartóidh an t-oibreoir an tairge a chur ar mhargadh an Aontais mar tháirge orgánach nó mar tháirge atá á thiontú, ní mór dó an cineál tairge “Orgánach” a roghnú, ar cineál é a bheidh curtha ar fáil in TRACES i mbosca I.31 den CHED. I gcás den sórt sin, ní mór don oibreoir an nasc chuig an COI a chur isteach sa CHED freisin. I gcás ina mbeidh coinsíneacht faoi réir idir CHED-D agus CHED-PP (e.g. piobair mhilse orgánacha (*Capsicum annuum*) ón bPoblacht Dhoiminiceach), tá feidhm ag an méid réamhluaite i leith an CHED-D agus an CHED-PP araon;
 - i gcás coinsíneachtaí a aistrítear chuig pointí rialaithe seachas pointí trasnaithe teorann le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha chun comhlíontacht le rialacha SPS a fhíorú, ní mór don oibreoir CHED ar leithligh a chur isteach ⁽⁷⁶⁾. Ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an cineál tairge “Orgánach” a roghnú i mbosca I.31 den CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh sin agus nasc leis an COI a chur isteach sa CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh sin;
 - i gcás coinsíneachtaí a aistrítear chuig áitreabh an chéad choinsíní a ainmnítear mar shaoráid iompar ar aghaidh, ní mór CHED ar leithligh a chur isteach ⁽⁷⁷⁾. Ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an cineál tairge “Orgánach” a roghnú i mbosca I.31 den CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh sin agus nasc leis an COI a chur isteach sa CHED (iar-dhoiciméad) ar leithligh sin;
- cuirtear an choinsíneacht i láthair le haghaidh seiceálacha orgánacha agus rialuithe oifigiúla SPS ag pointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas;
- déanann an t-údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha orgánacha na seiceálacha sin i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2306 agus formhuíonn sé an COI (déantar an cinneadh maidir leis an gcoinsíneacht a thaifeadh i mbosca 30 den COI);
- i gcomhréir leis sin, an t-údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS, déanann sé na seiceálacha sin agus toradh na seiceálacha sin a thaifeadh i gcuic II den CHED;
- i gcás nach sásúil torthaí na rialuithe oifigiúla SPS, ní mór an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “Do-ghlactha” don mhargadh inmheánach;

⁽⁷⁴⁾ Féach Airteagal 6(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

⁽⁷⁵⁾ Féach pointe 3.2.1 den doiciméad seo.

⁽⁷⁶⁾ I gcomhréir le hAirteagal 2(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123.

⁽⁷⁷⁾ I gcomhréir le hAirteagal 5(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124.

Déantar cur i gcrích chuid II den CHED mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” a bhlocáil in TRACES más amhlaidh go mbeidh feidhm ag ceann díobh seo a leanas:

- roghnaítear an cineál táirge “Orgánach” i mbosca I.31 den CHED, ach níl an nasc leis an COI curtha isteach sa CHED sin ag an oibreoir; nó
- tá nasc leis an COI curtha isteach ag an oibreoir sa CHED sin, ach níor chuir an cigire SPS tic sa ticbosca i gcuid II den CHED: “Deimhním go bhfuil mé tar éis breathnú ar thoradh na rialuithe oifigiúla ábhartha ar [uimhir thagartha COI] agus an toradh sin a fhíorú”; nó
- tá tic curtha ag an gcigire SPS sa bhosca i gcuid II den CHED: “Deimhním go bhfuil mé tar éis breathnú ar thoradh na rialuithe oifigiúla ábhartha ar [uimhir thagartha COI] agus an toradh sin a fhíorú”, ach nach gceadaítear leis an gcinneadh arna thairfeadh i mbosca 30 den COI an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” ⁽⁷⁸⁾.

- Chun críocha tic a chur sa bhosca, deimhním go bhfuil mé tar éis breathnú ar thoradh na rialuithe oifigiúla ábhartha ar [uimhir thagartha COI] agus an toradh sin a fhíorú, mar a thuairiscítear thuas, ní mór don údarás atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS an nasc leis an COI a bhíonn le feiceáil sa CHED in TRACES a rochtain agus an cinneadh arna thairfeadh i mbosca 30 den COI a léirshamlú ⁽⁷⁹⁾;
- Tá feidhm ag an méid seo a leanas tar éis don chigire SPS a dhéanann an cinneadh arna thairfeadh i mbosca 30 den COI é a bhreathnú ⁽⁸⁰⁾:
 - i gcás inarb é an cinneadh i mbosca 30 den COI gur féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (mar tháirge orgánach, mar tháirge atá á thiontú nó mar ghnáth-tháirge), ach nach sásúil iad torthaí na rialuithe oifigiúla SPS, ní mór an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “Do-ghlactha” (bosca II. 16 den CHED) ⁽⁸¹⁾. Ní mór fógra a thabhairt faoin gcinneadh sin gan mhoill don údarás inniúil atá freagrach as an COI a fhorhnuiniú in TRACES, chun an COI a thabhairt cothrom le dáta ⁽⁸²⁾;
 - i gcás inarb é an cinneadh arna thairfeadh i mbosca 30 den COI gur féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (mar tháirge orgánach, mar tháirge atá á thiontú nó mar ghnáth-tháirge), agus más sásúil iad torthaí na rialuithe oifigiúla SPS, ní mór bosca II.12 den CHED (“Inglactha don mhargadh inmheánach”) a líonadh isteach;
 - i gcás inarb é an cinneadh arna thairfeadh i mbosca 30 den COI nach féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí), is cinneadh é sin a bhfuil fógra le tabhairt in TRACES faoi gan mhoill don údarás inniúil ábhartha atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS agus as an CHED a chur i gcrích, in éineacht leis na cúiseanna leis sin ⁽⁸³⁾. Déantar cur i gcrích an CHED mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” a bhlocáil in TRACES.

⁽⁷⁸⁾ Is amhlaidh an cás i gcás inarb é an cinneadh i mbosca 30 den COI nach féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Is amhlaidh an cás freisin i gcás inarb é an cinneadh a thairfeadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé léirithe ag an údarás inniúil orgánach faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI nach féidir an chuid eile den choinsíneacht a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí). I ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI más rud é gur roghnaíodh an rogha “Is féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” (féach na nótaí maidir le bosca 30 den COI a líonadh isteach i gcuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306).

⁽⁷⁹⁾ Cuirtear é sin chun feidhme in TRACES NT, ní dhéantar aon athrú ar fhorhaidí CHED in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

⁽⁸⁰⁾ I gcomhréir le hAirteagal 56(5) de OCR.

⁽⁸¹⁾ Ní mór CHED a chur i gcrích mar CHED atá “do-ghlactha” don mhargadh inmheánach i ngach cás nach sásúil torthaí na rialuithe oifigiúla SPS, go neamhspleách ar an gcinneadh arna thairfeadh i mbosca 30 den COI.

⁽⁸²⁾ Féach Airteagal 6(5), an tríú fohír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

⁽⁸³⁾ Féach Airteagal 6(5), an dara fohír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

- I gcás inarb é an cinneadh arna thaifeadadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht, is féidir an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” in TRACES. Mar sin féin, más rud gurb amhlaidh de thoradh bhosca 30 sa COI nach féidir an chuid sin den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí) ⁽⁸⁴⁾, ní mór an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “do-ghlactha don mhargadh inmheánach” ⁽⁸⁵⁾.

Maidir leis an bpointe sin, féach freisin an Crann cinní tiomnaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.

3.4.5 *Sreabhadh oibre CHED más rud é go dtaiifeadtar i mbosca 30 den COI gur féidir “cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht”*

I gcás inarb é an cinneadh arna thaifeadadh i mbosca 30 den COI gur féidir “cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht”, conas a léirítear é sin sa CHED agus céard é an nós imeachta atá le leanúint?

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir cásanna difriúla:

- 1/ is féidir an choinsíneacht iomlán a scaoileadh i saorchúrsaíocht ach cuid di mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú agus cuid di mar tháirgí neamhorgánacha (gnáth-tháirgí) (cás 1); nó
- 2/ ní féidir ach cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht ach ní féidir an chuid eile a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí) (cás 2).

I gcás 1, déanfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach”. Tá dhá chás ann ⁽⁸⁶⁾:

- i gcás ina ndéanfar an choinsíneacht a roinnt ag an bpointe trasnaithe teorann, cuirfidh an t-oibreoir atá freagrach as an gchoinsíneacht, trí TRACES, CHED isteach le haghaidh gach cuid den choinsíneacht deighilte ⁽⁸⁷⁾. Cuirfidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann an CHED i gcrích le haghaidh codanna aonair na choinsíneachta scartha i gcomhréir leis an gcinneadh “inghlactha don mhargadh inmheánach” le haghaidh gach cuid den choinsíneacht deighilte ⁽⁸⁸⁾. Ní mór sliocht den COI a eisiúint le haghaidh gach cuid den choinsíneacht deighilte ⁽⁸⁹⁾. Ní mór don oibreoir an nasc chuig sliocht an COI a sholáthar sa CHED (iar-dhoiciméad) scartha le haghaidh gach cuid aonair den choinsíneacht ⁽⁹⁰⁾.
- i gcás ina ndéanfar an choinsíneacht a scaradh tar éis di imeacht ón bpointe trasnaithe teorann agus sula scaoilfear i saorchúrsaíocht í, beidh feidhm ag Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 agus ní mór don oibreoir atá freagrach as an gchoinsíneacht a áirithiú go mbeidh cóip, ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach, den CHED ag gabháil in éineacht le gach cuid den choinsíneacht deighilte go dtí go scaoilfear i saorchúrsaíocht í. Ní mór sliocht den COI a fhormhuiniú le haghaidh gach cuid den choinsíneacht deighilte ⁽⁹¹⁾.

⁽⁸⁴⁾ Is amhlaidh an cás i gcás inarb é an cinneadh a taifeadadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé sonraithe ag an údarás inniúil orgánach faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI nach féidir an chuid eile den choinsíneacht a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí). I ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI más rud é gur roghnaíodh an rogha “Is féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” (féach na nótaí maidir le bosca 30 den COI a líonadh isteach i gcuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306).

⁽⁸⁵⁾ Féach sreabhadh oibre CHED más rud é go dtaiifeadtar i mbosca 30 den COI gur féidir “cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” i bpointe 3.4.5 den doiciméad sin.

⁽⁸⁶⁾ Féach freisin an freagra ar 3.4.6. den doiciméad seo.

⁽⁸⁷⁾ Féach Airteagal 5(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602.

⁽⁸⁸⁾ Airteagal 5(1), pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602.

⁽⁸⁹⁾ Airteagal 6(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

⁽⁹⁰⁾ Féach pointe 3.4.6 den doiciméad seo.

⁽⁹¹⁾ Airteagal 6(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

I gcás 2, is é an cinneadh sa COI nach féidir ach cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (cé acu mar tháirgí orgánacha ná mar ghnáth-tháirgí) agus gurb amhlaidh de thoradh bhosca 30 den COI nach féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí) ⁽⁹²⁾. Déanfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS ag an bpointe trasnaithe teorann an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “Do-ghlactha” don mhargadh inmheánach agus féadfaidh sé a chinneadh gan diúltú ach do chuid den choinsíneacht, i gcomhréir le hAirteagal 66(4) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Tá feidhm ag forálacha Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/1602, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do:

- tar éis an CHED a chur i gcrích don choinsíneacht iomlán, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht CHED a chur isteach do gach cuid den choinsíneacht deighilte agus an chainníocht, na modhanna taistil agus an ceann scribe don chuid sin a dhearbhuí ann. Ina theannta sin, déanfaidh an t-allmhaireoir sliocht as an COI a chur isteach le haghaidh gach ceann de na baisceanna agus an nasc chuig an sliocht as an COI a chur isteach sa CHED ar leithligh a eisiódh le haghaidh na codanna aonair den choinsíneacht deighilte ⁽⁹³⁾; agus
- cuirfidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann CHEDanna i gcrích le haghaidh codanna aonair na gcoinsíneachta deighilte i gcomhréir le hAirteagal 56(5) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, agus an cinneadh a glacadh i mbosca 12 den sliocht as an COI do gach cuid den choinsíneacht deighilte á chur san áireamh.

3.4.6 Nasc idir an CHED agus na sleachta COI

Conas a nascfar na sleachta COI leis an CHED d’earraí faoi Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla?

Tá roinnt cásanna ann agus i ngach cás ba cheart don oibreoir in TRACES an nasc ⁽⁹⁴⁾ á sholáthar. Ceadáíonn TRACES nascadh idir an COI agus an CHED, idir na sleachta COI agus an COI agus, ón 4^ú ráithe 2022, nascadh idir sleachta COI agus an CHED, lena n-áirítear CHEDanna iar-dhoiciméid nó ar leithligh.

- I gcás ina ndeighltar an choinsíneacht tar éis don choinsíneacht an pointe trasnaithe teorann a fhágáil agus roimh scaoileadh i saorchúrsaíocht agus na baisceanna go léir á scaoileadh i saorchúrsaíocht:
 - nasc idir CHED agus COI ⁽⁹⁵⁾; agus
 - nasc idir an sliocht COI agus an COI ⁽⁹⁶⁾ agus nasc idir an CHED agus na sleachta COI ⁽⁹⁷⁾.
- I gcás ina ndeighltar an choinsíneacht ag an bpointe trasnaithe teorann ⁽⁹⁸⁾ agus ina scaoiltear na baisceanna go léir i saorchúrsaíocht:
 - nasc idir an chéad CHED (dá ngairtear “máthair” CHED) agus an COI ⁽⁹⁹⁾; agus
 - nasc idir na CHEDanna ar leithligh (iar-dhoiciméad) a eisiódh le haghaidh gach cuid den choinsíneacht dheighilte (dá ngairtear “mac” CHEDanna) agus na sleachta COI ⁽¹⁰⁰⁾.

⁽⁹²⁾ Is amhlaidh an cás i gcás inarb é an cinneadh a taifeadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé sonraithe ag an údarás inniúil orgánach faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI nach féidir an chuid eile den choinsíneacht a scaoileadh (ní mar tháirgí orgánacha, ná mar ghnáth-tháirgí). I ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoi “faisnéis bhreise” i mbosca 30 den COI más rud é gur roghnaíodh an rogha “Is féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” (féach na nótaí maidir le bosca 30 den COI a líonadh isteach i gcuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/2306).

⁽⁹³⁾ Féach pointe 3.4.6 den doiciméad seo i ndáil leis an nasc idir an CHED agus na sleachta COI i gcás coinsíneachtaí ar diúltaíodh dóibh go páirteach.

⁽⁹⁴⁾ Ciallaíonn an focal “nasc” nasc idirlín (URL) a théann chuig an COI/CHED i gceist. Is nasc cómhálartach é. Dá réir sin, má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an COI isteach sa CHED, beidh nasc comhfhreagrach chuig an CHED le feiceáil sa COI.

⁽⁹⁵⁾ Má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an COI sa CHED, beidh nasc comhfhreagrach chuig an CHED le feiceáil sa COI.

⁽⁹⁶⁾ Má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an COI sa sliocht COI, beidh nasc comhfhreagrach chuig an sliocht COI le feiceáil sa COI.

⁽⁹⁷⁾ Má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an sliocht COI sa CHED, beidh nasc comhfhreagrach chuig an CHED le feiceáil sa sliocht COI.

⁽⁹⁸⁾ I ndáil le CHEDanna ar leithligh (“mac” CHEDanna mar a ghairtear dóibh) a eisiúint sa chás sin, maidir le gach cuid den choinsíneacht deighilte, féach Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/1602.

⁽⁹⁹⁾ Má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an COI sa chéad CHED, beidh nasc comhfhreagrach chuig an gcéad CHED le feiceáil sa COI.

⁽¹⁰⁰⁾ Má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an sliocht COI sa CHED ar leithligh, beidh nasc comhfhreagrach chuig an CHED ar leithligh le feiceáil sa sliocht COI.

- I gcás ina ndiúltaítear don choinsíneacht go páirteach ⁽¹⁰¹⁾:
- Nasc idir an chéad CHED (dá ngairtear “máthair” CHED) agus an COI ⁽¹⁰²⁾; agus
- nasc idir na CHEDanna ar leithligh (iar-dhoiciméad, dá ngairtear “mac” CHEDanna) a eisíodh le haghaidh chuid den choinsíneacht ar glacadh léi agus ar diúltaíodh di agus na sleachta COI comhfhreagracha ⁽¹⁰³⁾.

3.4.7 Féidearthacht go ndéanfaidh bosca 30 den COI “ní féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht” a thaifeadh

An mbeidh an t-údarás inniúil fós ábalta taifead a dhéanamh sa COI ar an gcinneadh nach féidir an choinsíneacht a scaoileadh?

Beidh. Fanann an staid mar a bhí sé roimh 1 Eanáir 2022 i gcás ina bhféadfadh cigirí atá freagrach as seiceálacha orgánacha cinneadh a dhéanamh in TRACES maidir le coinsíneachtaí nach féidir a scaoileadh i saorchúrsaíocht ⁽¹⁰⁴⁾.

3.4.8 Féidearthacht chun an scaoileadh mar neamhorgánach a iarraidh maidir le coinsíneacht nach gcomhlíonann na rialacha um tháirgeadh orgánach

I gcás neamhchomhlíonta le ORR, tá seans ann go mhairfidh an t-imscrúdú is gá roinnt seachtainí. An bhféadfar an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” má dhéantar na rialuithe oifigiúla eile go léir agus má chloínn an táirge leis na rialacha eile go léir?

Ní fhéadfar. Ní fhéadfar an CHED a chur i gcrích mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” nuair a dhéantar na rialuithe oifigiúla go léir, lena n-áirítear na seiceálacha orgánacha. Dá bhrí sin, chun an CHED a chur i gcrích, ba cheart an t-imscrúdú a chur i gcrích agus an COI a fhorhnuiniú. I gcás ina léirítear san imscrúdú neamhchomhlíonadh leis an ORR ach go bhféadfar na hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht sa mhargadh inmheánach mar ghnáthearraí (mar earraí neamhorgánacha), féadfaidh an t-oibreoir an scaoileadh a iarraidh mar ghnáthearraí. Ba cheart don údarás inniúil comhaontú leis an COI agus é a fhorhnuiniú trí bhosca 30 a líonadh isteach, ionas go bhféadfar na hearraí a scaoileadh mar earraí neamhorgánacha (mar ghnáthearraí). Déanfar an CHED a chur i gcrích chomh luath is a fhorhnuinítear an COI.

3.4.9 Toirmeasc ar choinsíneacht a scaoileadh sa mhargadh sula ndéantar an COI a fhorhnuiniú

An féidir coinsíneachtaí táirgí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (b), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, agus coinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a ndearnadh sampláil orthu le haghaidh anailís saotharlainne le linn seiceálacha fisiceacha orgánacha a chur ar an margadh mar tháirgí orgánacha nó mar tháirgí atá á dtiontú sula mbeidh na torthaí tástála saotharlainne sin ar fáil, is é sin le rá sula bhformhuineofar an COI agus sula gcríochnófar an CHED ar an mbonn sin?

E.S.

Ní mór do na húdaráis inniúla an COI a chríochnú bunaithe ar thorthaí na dtástálacha saotharlainne. Ní dhéanfar an CHED a bhailíochtú mar CHED atá “inghlactha don mhargadh inmheánach” ach amháin nuair a chuirtear an COI i gcrích agus is é an cinneadh arna thaifeadh i mbosca 30 de gur féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ní fhéadfar an choinsíneacht a chur ar an margadh mar “orgánach” sula gcuirtear an COI i gcrích.

I ndáil le táirgí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (b), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, ní féidir an scaoileadh i saorchúrsaíocht a údarú i gcomhréir le hAirteagal 4(8) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130, ós rud é nach bhfuil na tástálacha saotharlainne a dhéantar d’fhonn an COI a chur i gcrích randamach, ach tá siad bunaithe ar dhóchúlacht neamhchomhlíonadh ORR ⁽¹⁰⁵⁾.

I ndáil le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile, ní féidir an scaoileadh i saorchúrsaíocht a údarú i gcomhréir le hAirteagal 4(9) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130, ós rud é nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir le cásanna inar táirgí orgánacha iad na plandaí, na táirgí plandaí agus na réada eile sin, faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann de bhua Airteagal 45(5) den ORR (agus mar sin de bhua Airteagal 47(1), pointe (f), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla). Mar sin féin, i ndáil leis na táirgí sin, leasaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 Rialachán

⁽¹⁰¹⁾ Féach Airteagal 66(4) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla agus Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602.

⁽¹⁰²⁾ Má chuireann an t-oibreoir nasc chuig an COI sa chéad CHED, beidh nasc comhfhreagrach chuig an gcéad CHED le feiceáil sa COI freisin.

⁽¹⁰³⁾ I gcás ina gcuireann an t-oibreoir nasc chuig an sliocht COI sa CHED ar leithligh, beidh nasc comhfhreagrach chuig an CHED ar leithligh le feiceáil sa sliocht COI.

⁽¹⁰⁴⁾ Féach Airteagal 6(3), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

⁽¹⁰⁵⁾ Féach Airteagal 45(5) de ORR agus Airteagal 6(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

Tarmligthe (AE) 2019/2124 chun gur féidir táirgí den sórt sin a iompar ar aghaidh chuig an gceann scríbe, go dtí go mbeidh fáil ar thorthaí na dtástálacha saotharlainne. De bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124, i gcás iompair ar aghaidh, ní mór do na Ballstáit an choinsíneacht a iompar chuig na saoráidí iompair ar aghaidh (áitreabh an chéad choinsíní a ainmnítear mar shaoráidí iompair ar aghaidh). Ní ceadmhach imeacht na coinsíneachta as an tsaoráid iompair ar aghaidh agus ní féidir í a scaoileadh i saorchúrsaíocht go dtí go ndéanfaidh údarás inniúla an phointe trasnaithe teorann an cinneadh maidir leis an gcoinsíneacht i gcomhréir le Airteagal 55 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽¹⁰⁶⁾.

3.4.10 *Sárú MRL a fuarthas le linn rialuithe oifigiúla SPS gan cosc a chur ar mhargaíocht mar ghnáth-mhargaíocht ná ar thionchar ar an stádas orgánach*

Más rud é go bhfaightear amach go sáraíonn táirgí áirithe na MRLanna is infheidhme le linn rialuithe oifigiúla SPS, ach go gcomhlíonann siad an MRL lena gceadaítear a margaíocht mar ghnáth-mhargaíocht, céard é an tionchar ar chinneadh a rinneadh roimhe seo sa COI maidir le stádas orgánach a thabhairt do na táirgí (arna glacadh gan seiceáil fhisiceach)?

Maidir le haon táirge bia, ní mór comhlíontacht le MRLanna do lotnaidicídí a chinneadh tar éis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i dTreoir Oibre RASFF 2.2.

Más rud é go dtagtar ar an gconclúid nach gcomhlíonann an táirge an MRL ábhartha tar éis an nós imeachta sin, ní féidir é a chur ar an margadh cibé acu mar tháirge orgánach nó mar ghnáth-tháirge. Sa chás sin, ní mór don údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann a thairfeadh sa CHED go bhfuil an choinsíneacht “do-ghlactha” don mhargadh inmheánach agus ní mór dó an t-údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha orgánacha a d’fhormhuinigh an COI lena mbaineann a chur ar an eolas in TRACES chun an COI sin a thabhairt cothrom le dáta ⁽¹⁰⁷⁾.

Más rud é go dtagtar ar an gconclúid tar éis an nós imeachta sin go gcomhlíonann na táirgí an MRL d’ainneoin an MRL sin a shárú, is féidir na táirgí sin a chur ar an margadh mar ghnáth-tháirgí. Mar sin féin, ní mór don údarás inniúil a d’údaráigh an mhargaíocht mar ghnáth-mhargaíocht an fhaisnéis maidir leis an sárú MRL, lena n-áirítear torthaí anailíse saotharlainne, a sholáthar in TRACES don údarás inniúil a d’fhormhuinigh an COI lena mbaineann. Tá an rud céanna i bhfeidhm i gcás ina bhfuil faisnéis ábhartha eile ag an údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS maidir le stádas orgánach an táirge (mar shampla i gcás ina léirítear i dtorthaí na tástála saotharlainne gur fásadh an táirge le lotnaidicídí nach bhfuil údaraithe lena n-úsáid sa talmhaíocht orgánach). Ní mór don údarás atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS tabhairt chun críche an CHED a chur ar fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh ar an stádas orgánach san COI: ní mór don údarás inniúil a rinne an cinneadh sa COI lena mbaineann an “fhaisnéis ábhartha” sin a úsáid chun cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil tionchar aige sin ar stádas orgánach an táirge nó nach bhfuil, bosca 30 den COI a thabhairt cothrom le dáta más ábhartha ⁽¹⁰⁸⁾ agus aiseolas a sholáthar don údarás atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS ar cibé acu ar athraíodh an cinneadh a thairfeadh i mbosca 30 den COI nó nár athraíodh.

3.4.11 *Tionchar ar na rialuithe chomhordaithe treisithe ar neamhchomhlíonadh na rialacha orgánacha a thairfeadh sa COI*

Céard é an tionchar ar fheidhmíocht chomhordaithe rialuithe treisithe (CPIC) i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873, atá ag cinneadh sa COI lena dtugtar le fios nach gcomhlíonann an choinsíneacht ORR?

Roghnaítear coinsíneachtaí le haghaidh feidhmíocht chomhordaithe rialuithe treisithe (CPIC) i ndáil le sárú sonrach ar na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ⁽¹⁰⁹⁾.

⁽¹⁰⁶⁾ Féach pointe 3.3.5.

⁽¹⁰⁷⁾ Féach Airteagal 6(5), an dara mír, an chéad abairt, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, lena maítear a leanas: “I gcás ina léirítear leis an gcinneadh a dhéantar sa CHED i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán (AE) 2017/625 nach gcomhlíonann an choinsíneacht na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin, cuirfidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann an t-údarás inniúil a rinne an cinneadh ar an eolas faoi sin in TRACES i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, chun an deimhniú cigireachta a thabhairt cothrom le dáta (...)”.

⁽¹⁰⁸⁾ Féach Airteagal 6(5), an dara mír, an abairt chríochnaitheach, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, lena maítear a leanas: “(...) Ina theannta sin, aon údarás inniúil a dhéanann rialuithe oifigiúla chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (a) go (h) agus (j), de Rialachán (AE) 2017/625, déanfaidh sé aon fhaisnéis ábhartha, amhail torthaí anailíse saotharlainne, a sholáthar in TRACES don údarás inniúil a rinne an cinneadh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo chun an deimhniú cigireachta a thabhairt cothrom le dáta, más ábhartha.”

⁽¹⁰⁹⁾ Féach Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873.

Dá réir sin, laistigh de na CPIPanna, déantar rialuithe oifigiúla i ndáil leis an gcineál céanna sáraithe, mar a shonraítear in TRACES i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ⁽¹¹⁰⁾.

Dá réir sin, bunaítear seiceálacha forchurtha nuair a thagann trí choinsíneacht isteach san Aontas a thaispeánann an cineál céanna sáraithe a shonraítear san fhógra dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ⁽¹¹¹⁾.

A mhéid a bhaineann le hAirteagal 6(1), pointe (b)(i), agus 6(2), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 maidir le foirceannadh an CPIC, déantar tagairt ansin do “sraith gan briseadh de 10 gcinn ar a laghad, 30 ceann faoi seach, de thorthaí sásúla i bhfeidhmíocht chomhordaithe rialuithe oifigiúla treisithe a thairfead údaráis inniúla na bpointí trasnaithe teorann sna Ballstáit in CBFRO”. Chuige sin, má léitear Airteagal 4(1) agus Airteagal 6 den Rialachán sin le chéile, is léir go ndéantar tagairt leis na torthaí sásúla dá dtagraítear in Airteagal 6 do thorthaí i ndáil leis an gcineál céanna sáraithe leis an gceann a luaitear in Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873.

I bhfianaise a bhfuil thuas, i gcás nach ionann an sárú a thionscain an CPIC agus an sárú a luaitear sa COI agus, i gcás ina bhfuil torthaí na rialuithe oifigiúla i ndáil leis an sárú a thionscain an CPIC sásúil, mheasfaí go mbeadh toradh na seiceála sásúil de réir bhrí Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873. Ní dhéanfaidh an fóras nach gcomhlíonann an choinsíneacht an ORR difear d’fhoirceannadh an CPIC, i gcomhréir leis na coinníollacha uile a bhunaítear in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873.

3.5 Nósanna imeachta custaim speisialta i gcomhréir le hAirteagail 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306

3.5.1 Éilítear go gcuirtear an CHED i gcrích chun an choinsíneacht a chur faoi nósanna imeachta custaim speisialta

Éilítear CHED críochnaitheach chun an choinsíneacht a chur faoi nósanna imeachta custaim speisialta (bosca 23 den COI) ⁽¹¹²⁾. An féidir leis na húdaráis inniúla CHED a chríochnú chun na críche sin, ós rud é nach bhfuil an COI formhuiníthe fós ag an gcéim sin den phróiseas allmhairithe?

Ní bhíonn feidhm ag an gceanglas maidir le céad fhíorú agus dara fíorú, dá bhforáiltear in Airteagail 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, ach amháin i gcás ina gcuirtear an choinsíneacht faoi na nósanna imeachta custaim speisialta mar chuid de stóráil chustaim nó de phróiseáil isteach chun dul faoi cheann de na hullmhúcháin a luaitear in Airteagal 7(1), an dara fómhír, pointí (a) agus (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306. Os a choinne sin, má chuirtear an choinsíneacht faoi stóráil chustaim lena stóráil, mar shampla, déantar an COI a fhormhuiniú tar éis an fhíoraithe amháin, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, agus cuirtear an CHED i gcrích ar an mbonn sin.

I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagail 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, féadfaidh an t-údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann an **chéad** CHED-D nó CHED-PP a chur i gcrích, de réir mar is iomchuí, ach bosca II.9 de na CHEDanna sin a líonadh isteach, chun go bhféadfar na hullmhúcháin a luaitear in Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a chur faoi stóráil chustaim nó faoi phróiseáil isteach. Tar éis an dara fíorú dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, déanfar an COI a fhormhuiniú agus eiseofar **dara** CHED.

3.5.2 Tagairt sa CHED don fhaisnéis a tairfeadh i mbosca 23 den COI tríd an nasc chuig an COI

In Airteagal 6(5), an dara habairt, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, leagtar síos rialacha maidir leis an CHED a chur i gcrích i gcás ina mbíonn tic curtha ag an allmhairteoir i mbosca 23 den COI maidir le nósanna imeachta custaim speisialta. An mbeifear in ann an fhoráil sin a chur chun feidhme in TRACES, ós rud é nach luaitear na nósanna imeachta custaim a luaitear in Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 (stóráil chustaim, próiseáil isteach) sa CHED, ach go dtagann siad ina ionad faoin gcinneadh CHED “inghlactha don mhargadh inmheánach”?

⁽¹¹⁰⁾ Féach Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873.

⁽¹¹¹⁾ Féach Airteagal 5(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873.

⁽¹¹²⁾ Féach Airteagal 57(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

Maítear in Airteagal 6(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, i gcás inar iarr an t-allmhaireoir go gcuirfean an choinsíneacht faoi nósanna imeachta custaim speisialta i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, trí bhosca 23 den COI a líonadh isteach, go léireofar an nós imeachta custaim is infheidhme leis an gcinneadh maidir le coinsíneachtaí i gcomhréir le hAirteagal 55 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla. Sa chleachtas:

- féach pointe 3.5.1 den doiciméad seo maidir leis an nós imeachta le leanúint chun an choinsíneacht a chur faoi nósanna imeachta custaim speisialta; agus
- tá nasc chuig an COI ar fáil i gcuid I den CHED, agus bheadh ar an údarás a shíneoidh an CHED breathnú ar an COI tríd an nasc sin sula gcuirfidh siad an CHED i gcrích. Tá sé de fhreagracht ar an oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an nasc sin chuig an COI i gCuid I den CHED a sholáthar ⁽¹¹³⁾.

3.6 Scaoileadh i saorchúrsaíocht

3.6.1 Áit an scaoilte i saorchúrsaíocht do tháirgí atá faoi réir seiceálacha ar allmhairí orgánacha ag an bpointe trasnaithe teorann

Tar éis na seiceálacha orgánacha a dhéanamh ag an bpointe trasnaithe teorann, an féidir coinsíneacht a scaoileadh i mBallstát eile? An mbeidh an Ballstát ina scaoiltear an choinsíneacht i saorchúrsaíocht le feiceáil san COI?

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás:

- Cás 1 I gcás táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag an bpost rialuithe teorann, féadfaidh na hoibreoirí an choinsíneacht a chur i láthair lena scaoileadh i saorchúrsaíocht i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil an pointe trasnaithe teorann suite. Ní bheidh Ballstát an scaoilte i saorchúrsaíocht san áireamh sa COI. Mar sin féin, léirítear le bosca 11 den COI an Ballstát cinn scríbe nó Ballstát an chéad choinsíní.
- Cás 2 I gcás táirgí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, ach a sheiceáiltear ag an bpointe trasnaithe teorann toisc go bhfuil an pointe trasnaithe teorann cláraithe in TRACES freisin mar phointe scaoilte i saorchúrsaíocht, ba cheart don oibreoir an choinsíneacht lena scaoileadh i saorchúrsaíocht a chur i láthair sa Bhallstát céanna ina bhfuil an pointe scaoilte i saorchúrsaíocht suite. Sa chás sin, ní mór an pointe trasnaithe teorann a bheith ina phointe scaoilte i saorchúrsaíocht freisin. Is é an chúis atá leis sin ná, i gcás táirgí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, ní mór na seiceálacha orgánacha a dhéanamh ag pointe scaoilte i saorchúrsaíocht sa Bhallstát ina scaoiltear an choinsíneacht isteach i saorchúrsaíocht san Aontas.

3.6.2 Coinsíneachtaí deighilte i stóráil shealadach

De réir Airteagal 6(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na coinsíneachta i saorchúrsaíocht ach amháin tar éis CHED a tugadh chun críche go cuí a chur i láthair, faoi réir ceanglas CHED, dá bhforáiltear in Airteagal 57(2), pointe (b), den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla, agus COI a formhuiníodh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a chur i láthair freisin, lena léirítear gur féidir an choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ar cheart feidhm a bheith aige seo freisin maidir le cásanna ina ndeighltear an choinsíneacht i stóráil shealadach i gcomhréir le hAirteagail 144 go 149 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013?

Ba cheart, bíonn feidhm ag an riail sin nuair a chuirtear earraí nach de chuid an Aontais iad i láthair na n-údarás custaim. Dá bhrí sin, ní féidir an choinsíneacht a dheighilt ach amháin nuair a dhéantar an COI a fhorhuiniú agus a chuirtear an CHED i gcrích ⁽¹¹⁴⁾.

Ina theannta sin, ní mór CHED a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht sula scaoilfean i saorchúrsaíocht í dá bhforáiltear in Airteagal 5 (coinsíneachtaí a deighltear ag pointe trasnaithe teorann) agus Airteagal 6 (coinsíneachtaí faoi mhaoirseacht chustaim a dheighltear tar éis an pointe trasnaithe teorann a fhágáil) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602. Thairis sin, chun gur féidir é a roinnt, ní mór sliocht den COI a eisiúint le haghaidh gach bairce agus é a fhorhuiniú ⁽¹¹⁵⁾. Ní mór don CHED a ghabhann leis an mbairce a thabhairt le fios go bhfuil sé “inghlactha don mhargadh inmheánach”. Ní mór sliocht an COI a fhorhuiniú ina bhosca 12, ag tabhairt le fios gur féidir an bairce a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

⁽¹¹³⁾ Féach pointe 3.4.4 den doiciméad seo.

⁽¹¹⁴⁾ Féach Airteagal 50(3) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽¹¹⁵⁾ Féach Airteagal 6(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

4 Táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann

4.1 *Catagóirí táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann*

Cé na táirgí orgánacha agus na táirgí atá á dtiontú a thagann isteach san Aontas atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointe trasnaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas?

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 díolmhaítear catagóirí áirithe táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann ⁽¹¹⁶⁾. Ní mór rialuithe oifigiúla ar na táirgí díolmhaithe sin a dhéanamh ag pointí scaoilte i saorchúrsaíocht sa Bhallstát ina scaoiltear an choinsíneacht isteach i saorchúrsaíocht san Aontas ⁽¹¹⁷⁾.

Tá an díolúine teoranta do na catagóirí táirgí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointí (a) agus (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305. Faoin bhforáil sin, díolmhaítear táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú nach bhfuil faoi réir rialuithe oifigiúla SPS ag an bpointe trasnaithe teorann de bhua Airteagal 47(1) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla ná faoi réir ceanglas CHED comhfhreagrach ⁽¹¹⁸⁾ ó sheiceálacha orgánacha ag an bpointe trasnaithe teorann. Soláthraítear samplaí de na catagóirí táirgí atá faoi réir rialuithe oifigiúla SPS ag an bpointe trasnaithe teorann a shaináithnítear lena gcóid AC (liostaí dearfacha) i dTábla 1 i bpointe 3.1 den doiciméad seo.

4.2 *Clárú pointí scaoilte i saorchúrsaíocht in TRACES*

Céard iad na rialacha lena rialaítear an clárú pointí scaoilte i saorchúrsaíocht in TRACES?

Díolmhaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 catagóirí áirithe táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann ⁽¹¹⁹⁾ agus foráiltear leis nach mór na rialuithe sin ar na táirgí díolmhaithe sin a dhéanamh ag pointí scaoilte i saorchúrsaíocht sa Bhallstát ina scaoiltear an choinsíneacht isteach i saorchúrsaíocht san Aontas ⁽¹²⁰⁾. Ní mór do Bhallstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na pointí scaoilte i saorchúrsaíocht i gcás ina ndéanann na húdaráis inniúla rialuithe allmhairithe ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú, ag tabhairt le fios a n-ainm, a seoladh agus a sonraí teagmhála do gach pointe scaoilte ⁽¹²¹⁾.

Ní mór do Bhallstáit na pointí scaoilte i saorchúrsaíocht atá faoina bhfreagracht a chlárú agus a choinneáil cothrom le dáta i gcóras TRACES i gcás ina ndéantar rialuithe allmhairithe ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann. Ní mór pointí den sórt sin a chlárú in TRACES faoin einteachas “Suíomh Rialaithe” mar chineál nua ar a dtugtar “Pointe scaoilte i saorchúrsaíocht” ⁽¹²²⁾. Ní mór do na Ballstáit an t-údarás inniúil a shannadh do gach ceann de na pointí sin freisin.

4.3 *Féidearthacht pointe trasnaithe teorann a chlárú mar phointe scaoilte i saorchúrsaíocht in TRACES*

An féidir pointe trasnaithe teorann a chlárú in TRACES mar phointe scaoilte i saorchúrsaíocht?

Is féidir, i gcás ina n-úsáidfeadh pointe trasnaithe teorann chun seiceálacha orgánacha a dhéanamh ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó sheiceálacha orgánacha ag pointí trasnaithe teorann ⁽¹²³⁾.

4.4 *Tionchar ar rialacha náisiúnta i ndáil le seiceálacha sláinte plandaí faoi Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66*

Na seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha a éilítear faoi Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66 do phlandaí, do tháirgí plandaí agus do réada eile dá dtagraítear in Airteagal 73 de Dhlí Sláinte Plandaí an féidir leanúint de na seiceálacha sin a dhéanamh ag an bpointe trasnaithe teorann faoi rialacha náisiúnta?

Is féidir.

⁽¹¹⁶⁾ Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹¹⁷⁾ Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹¹⁸⁾ Féach Airteagal 56 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

⁽¹¹⁹⁾ Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹²⁰⁾ Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹²¹⁾ Airteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹²²⁾ Aithris (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹²³⁾ Féach an sainmhíniú ar an “pointe scaoilte i saorchúrsaíocht” in Airteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306.

Ní mór seiceálacha allmhairithe ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann a dhéanamh sa Bhallstát ina scaoiltear an choinsíneacht i saorchúrsaíocht ⁽¹²⁴⁾ ag pointe scaoilte i saorchúrsaíocht atá cláraithe in TRACES ⁽¹²⁵⁾.

Mar sin féin, ní chuireann Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 cosc ar Bhallstáit rialacha náisiúnta a bhunú lena n-éilítear go ndéanfaí rialuithe sláinte plandaí (seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha) a éilítear faoi Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66 ag an bpointe trasnaithe teorann nó ag pointe rialaithe seachas pointe trasnaithe teorann, dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstáit na rialuithe oifigiúla uile (seiceálacha sláinte plandaí agus seiceálacha orgánacha) a dhéanamh ag an bpointe trasnaithe teorann nó ag an bpointe rialaithe, de réir mar is iomchuí, ní mór an pointe trasnaithe teorann agus an pointe rialaithe sin a bheith cláraithe in TRACES mar phointí scaoilte i saorchúrsaíocht ⁽¹²⁶⁾.

4.5 *Rialuithe oifigiúla a dhéantar i bhfad ó phointí scaoilte i saorchúrsaíocht*

An féidir seiceálacha orgánacha a dhéanamh i bhfad ó phointí scaoilte i saorchúrsaíocht?

I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305, ní mór don údarás inniúil seiceálacha orgánacha a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha doiciméadacha, ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht, ag úsáid an tsaineolais uile atá ar fáil dó.

4.6 *Faisnéis an údaráis inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS ar dhiúltú coinsíneachtaí atá díolmhaithe ó sheiceálacha orgánacha ag pointe trasnaithe teorann*

I ndáil le táirgí atá díolmhaithe ó sheiceálacha orgánacha ag pointe trasnaithe teorann, i gcás inarb é an cinneadh i mbosca 30 den COI nach féidir an choinsíneacht a scaoileadh, an mbeidh feidhmiúlacht in TRACES lena gceadaítear don údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha orgánacha an t-údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla SPS a chur ar an eolas faoi sin?

Faoi láthair níl aon fheidhmiúlacht ar leith chuige sin in TRACES. Dhéanfaí cumarsáid den sórt sin lasmuigh de TRACES, mar chuid den ghnáthchomhar idir údaráis inniúla.

5 **Liosta de ghníomhartha AE dá dtagraítear sa doiciméad**

Rialachán (AE) 2017/625 (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽¹²⁷⁾, dá ngairtear “OCR”

Rialachán (AE) 2018/848 maidir leis táirgeadh orgánach agus le lipéadú táirgí orgánacha ⁽¹²⁸⁾, dá ngairtear “ORR”

Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 ón gCoimisiún ⁽¹²⁹⁾

⁽¹²⁴⁾ Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹²⁵⁾ Airteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305.

⁽¹²⁶⁾ Maidir le clárú pointí scaoilte i saorchúrsaíocht in TRACES, féach pointe 4.2 den doiciméad seo.

⁽¹²⁷⁾ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 095, 7.4.2017, lch. 1).

⁽¹²⁸⁾ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

⁽¹²⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2305 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na cásanna ina ndíolmhaítear táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú ó rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, agus na coinníollacha faoina ndíolmhaítear iad, mar aon le rialacha maidir leis an áit ina ndéantar rialuithe oifigiúla ar na táirgí sin, agus lena leasaítear Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/2123 agus (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún (IO L 461, 27.12.2021, lch. 5).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún ⁽¹³⁰⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 ón gCoimisiún ⁽¹³¹⁾

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 ón gCoimisiún ⁽¹³²⁾

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún ⁽¹³³⁾

Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún ⁽¹³⁴⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66 ón gCoimisiún ⁽¹³⁵⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún ⁽¹³⁶⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013 ón gCoimisiún ⁽¹³⁷⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún ⁽¹³⁸⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún ⁽¹³⁹⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁰⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún ⁽¹⁴¹⁾

⁽¹³⁰⁾ 129 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13).

⁽¹³¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le doiciméid agus fógraí a cheanglaítear le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 461, 27.12.2021, lch. 30).

⁽¹³²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach a ghabhann le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí chuig a gceann scríbe (IO L 250, 30.9.2019, lch. 6).

⁽¹³³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag pointí rialaithe, agus na cásanna ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phointí trasnaithe teorann, agus na coinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

⁽¹³⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá faoi bhealach, á dtrasloingsiú agus á n-iompar ar aghaidh tríd an Aontas, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 798/2008, (CE) Uimh. 1251/2008, (CE) Uimh. 119/2009, (AE) Uimh. 206/2010, (AE) Uimh. 605/2010, (AE) Uimh. 142/2011, (AE) Uimh. 28/2012 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún (IO L 321, 12.12.2019, lch. 73).

⁽¹³⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/66 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 maidir le rialacha um shocrúithe praiticiúla aonfhoirmeacha i ndáil le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar phlandaí, ar tháirgí plandaí agus ar réada eile lena fhióru gur comhlíonadh rialacha an Aontais um bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí is infheidhme maidir leis na hearraí sin (IO L 015, 17.1.2019, lch. 1).

⁽¹³⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24).

⁽¹³⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2019 maidir le réamhfhógra faoi choinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 165, 21.6.2019, lch. 8).

⁽¹³⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le híoscheanglais do phointí trasnaithe teorann, lena n-áirítear lárionaid iniúchta, agus maidir leis an bhformáid, na catagóirí agus na giorrúcháin le húsáid chun pointí trasnaithe teorann agus pointí rialaithe a liostú (IO L 165, 21.6.2019, lch. 10).

⁽¹³⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a sheoltar ón tSeapáin ó bhí an timpiste i stáisiún cumhachta núicléiche Fukushima ann agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/6 (IO L 330, 20.9.2021, lch. 72).

⁽¹⁴⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhphárteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

⁽¹⁴¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir leis na nósanna imeachta ag pointí trasnaithe teorann le haghaidh feidhmíocht chomhordaithe ó údarás inniúla maidir le rialuithe oifigiúla treisithe ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, ar tháirgí geirmeacha, ar sheachtháirgí ainmhithe agus ar tháirgí ilchodacha iad (IO L 289, 8.11.2019, lch. 50).

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún ⁽¹⁴²⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ⁽¹⁴³⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁴⁾

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁵⁾

Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁶⁾

Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/884/AE ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁷⁾

⁽¹⁴²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na hoibríochtaí le déanamh le linn agus tar éis seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha sainaitheantais agus seiceálacha fisiceacha ar ainmhithe agus ar earraí faoi réir rialuithe oifigiúla ag pointí trasnaithe teorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 128).

⁽¹⁴³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

⁽¹⁴⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89).


⁽¹⁴⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2020 maidir leis na coinníollacha lena rialaítear allmhairí bia agus beatha de thionscnamh tríú tíortha tar éis na timpiste ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbaile (IO L 257, 6.8.2020, lch. 1).

⁽¹⁴⁶⁾ Rialachán Tarmlichte (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdarais rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtírú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdarais rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7).

⁽¹⁴⁷⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/884/AE ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2011 maidir le bearta éigeandála i dtaca le rís ghéinmhodhnaithe neamhúdaraithe i dtáirgí ríse de thionscnamh na Síne agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/289/CE (IO L 343, 23.12.2011, lch. 140).

6 Iarscríbhinní

6.1 Pointe 3.4.4. Cur i gcrích CHED atá nasctha le COI



* Sa chás sin, tá cur i gcrích an CHED in TRACES neamhspleách ar chur i gcrích/fhormhuiniú an COI. Ní féidir an choinsíneacht a scaoileadh ach mar ghnáth-tháirgí (táirgí neamhorgánacha).


** Os a choinne sin, beidh deis ag an t-údarás SPS ag an bpointe trasnaithe teorann an chéad CHED a chur i gcrích tar éis dó an t-aistriú chuig an bpointe rialaithe nó saoráid iompar ar aghaidh a údarú. Ní mór don údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann an t-údarás inniúil atá freagrach as an COI a fhormhuiniú a chur ar an eolas in TRACES, chun an COI a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, aon údarás inniúil a dhéanann rialuithe oifigiúla chun fóir a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (a) go (h) agus (j), de Rialachán (AE) 2017/625, ní mór dó aon fhaisnéis ábhartha, amhail torthaí anailíse saotharlainne, a sholáthar in TRACES don údarás inniúil atá freagrach as an COI a fhormhuiniú chun é a thabhairt.

*** Is amhlaidh an chás i gcás inarb é an cinneadh a tháifeadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé léirithe ag an údarás inniúil orgánach faoi 'fhaisnéis bhreise' i mbosca 30 den COI gur féidir gach cuid den choinsíneacht a scaoileadh (cuid mar tháirgí orgánacha agus cuid mar tháirgí neamhorgánacha). Ní mór an fhaisnéis sin a sholáthar faoi 'fhaisnéis bhreise' i mbosca 30 den COI (féach na n-áite maidir le bosca 30 den COI a líonadh isteach i gcuide II den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/2306).

**** Nasctar na CHEDanna ar leithligh/fiar-dhoiciméid sin (dá ngairtear 'mar' CHEDanna) in TRACES le sleachta den COI arna n-eisiúint do gach cuid den choinsíneacht dheighilte.

6.2 **Pointe 3.3.4 Údarú aistrithe chuig an bpointe trasnaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS tríd an CHED**

Crann cinntí don údarús SPS ag an bpointe trasnaithe teorann um údarú aistrithe chuig pointe rialaithe sa CHED le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS




* Ní mór don oibreoir aistriú chuig an bpointe trasnaithe a iarraidh agus an pointe rialaithe a roghnú le haghaidh seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha SPS (trí bhosca I.20 den CHED a líonadh isteach) agus le haghaidh seiceálacha sainaitheantais orgánacha agus fisiceacha (trí bhoscaí 21 agus 22 den COI a líonadh isteach) arson (féach Airteagal 3(3), pointe (a), agus 4(4), pointe (a) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/2123). Ní mór don oibreoir an pointe rialaithe céanna a roghnú i mbosca I.20 (sonraí ar chinneadh rialaithe) den CHED agus i mbosca 22 den COI. Ní mór an pointe rialaithe sin a ainmniú le haghaidh chatagóir na n-earraí sa choinsineacht agus a bheith lonnaithe sa Bhallstát ina mbeidh an choinsineacht le scaoileadh i saorchúrsaíocht (féach Airteagal 3(3), pointe (b), agus 4(4), pointe (b) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/2123).

** Is amhlaidh an cás i gcás inarb é an cinneadh a taifeadadh i mbosca 30 den COI gur féidir cuid den choinsineacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus ina mbeidh sé léirithe ag an údarús inniúil atá freagrach as seiceálacha orgánacha faoi 'fhaisnéis bhreise' i mbosca 30 den COI nach féidir an chuid eile den choinsineacht a scaoileadh (mar tháirgí orgánacha, mar tháirgí atá á dtíontú nó mar ghnáth-tháirgí). I ndáil leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a sholáthar faoi 'fhaisnéis bhreise' i mbosca 30 den COI má roghnaíodh an rogha 'Is féidir cuid den choinsineacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht' (féach na nótaí um líonadh isteach bosca 30 den COI i gcuil II den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2021/2306).

*** Féach crann cinntí um chur i gcrích an CHED - nasc chuig COI in larscríbhinn 6.1 a ghabhann leis an doiciméad seo

6.3 **Pointe 3.3.4. Údarú aistriithe chuig pointe rialaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais orgánacha agus fisiceacha tríd an COI**



* Ní mór don oibreoir aistriú chuig an bpointe rialaithe a iarraidh agus an pointe rialaithe a roghnú le haghaidh seiceálacha sainaitheantais orgánacha agus fisiceacha (trí bhoscaí 21 agus 22 den COI a líonadh isteach) agus seiceálacha sainaitheantais SPS agus fisiceacha (trí bhosca 1.20 den CHED a líonadh isteach) arson (féach Airteagal 3(3), pointe (a) agus 4(4), pointe (a) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/2123). Ní mór don oibreoir an pointe rialaithe céanna a roghnú i mbosca 1.20 (sonraí ar chinn scribe rialaithe) den CHED agus i mbosca 22 den COI. Ní mór an pointe rialaithe a ainmniú le haghaidh chatagóir na n-earraí sa choinsíneacht agus a bheith lonnaithe sa Bhallstát ina mbeidh an choinsíneacht le scaoileadh i saorchúrsaíocht (féach Airteagal 3(3), pointe (b) agus 4(4), pointe (b) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/2123).

** Tá feidhm aige seo chomh maith sa chás nár iarraidh an t-oibreoir aistriú chuig an bpointe rialaithe le haghaidh seiceálacha sainaitheantais orgánacha agus fisiceacha, trí bhoscaí 21 agus 22 den COI a líonadh isteach.

*** I gcás nach n-ainmítear an pointe rialaithe a léirítear i mbosca II.18 den CHED le haghaidh táirgí orgánacha ná táirgí atá á dtiontú agus/nó nach bhfuil sé lonnaithe sa Bhallstát ina scaoilfeadh an choinsíneacht i saorchúrsaíocht, ní mór don údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha orgánacha teagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil ag an bpointe trasnaithe teorann atá freagrach as an CHED, chun comhordú le cinníú go léirítear an pointe rialaithe céanna i mbosca II.18 den CHED agus i mbosca 27 den COI.

**** Nuair a dhéantar aistriú chuig an bpointe rialaithe a údarú (roghnaítear pointe rialaithe i mbosca 27 den COI), féadfaidh na húdaráis inniúla a bheidh le feiceáil mar na húdaráis atá freagrach as an bpointe rialaithe sin an COI a fheiceáil tríd an deais dá gcuid (áit ina léirítear na COInna go léir as an réimse freagrachta atá acu). Féach freis in Airteagal 2a(1), pointe (e), de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/2123.